

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsíú éigeantach*

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (CE) Uimh. 390/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena leasaítear na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha maidir le víosaí do mhisin taidhleoir-eachta agus do phoist chonsalacha i ndáil leis an mbithmhéadracht a thabhairt isteach, lena n-áirítear forálacha faoi eagrúchán ghlacadh agus phróiseáil iarratas ar víosaí 1
- ★ Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge ⁽¹⁾ 11
- ★ Rialachán (CE) Uimh. 392/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le dliteanas iompróirí paisinéirí de mhuir i gcás tionóiscí ⁽¹⁾ 24

12 EUR

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

GA

* Faoin tagairt L 131 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

I

(Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsíú éigeantach)

RIALACHÁIN

**RIALACHÁN (CE) Uimh. 390/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 23 Aibreán 2009**

lena leasaítear na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha maidir le víosaí do mhisin taidhleoireachta agus do phoist chonsalacha i ndáil leis an mbithmhéadracht a thabhairt isteach, lena n-áirítear forálacha faoi eagrúchán ghlacadh agus phróiseáil iarratas ar víosaí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 62(2)(b)(ii) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Chun a áirithiú go ndéanfar iarratasóirí a fhíorú agus a aithint go hiontaofa, is gá próiseáil a dhéanamh ar na sonraí bithmhéadracha atá sa Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) a bunaíodh le Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle ⁽³⁾ agus is gá a fhoráil do réim dlíthiúil do bhailiú na n-aitheantóirí bithmhéadracha sin. Ina theannta sin, éilíonn cur chun feidhme an VIS cineálacha nua eagrúcháin chun iarratais ar víosaí a ghlacadh.
- (2) Céim mhór i dtreo eilimintí nua a úsáid is ea comhtháthú na n-aitheantóirí bithmhéadracha, lena mbunófar nasc níos iontaofa idir sealbhóir an víosa agus an pas chun úsáid céannaíochtaí bréagacha a sheachaint. Ba cheart, dá

bhrí sin, go mbeadh láithreach phearsanta an iarratasóra – i gcás an chéad iarratais ar a laghad – ar cheann de na buncheanglais chun víosa a eisiúint, agus na haitheantóirí bithmhéadracha á gclárú sa VIS.

- (3) Roghnaítear na haitheantóirí bithmhéadracha i Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit («Rialachán VIS») ⁽⁴⁾.
- (4) Sainítear leis an Rialachán seo na caighdeáin le haghaidh bhailiú na n-aitheantóirí bithmhéadracha sin trí thagairt a dhéanamh do na forálacha ábhartha atá leagtha amach ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO). Níl aon sonraíochtaí teicniúla eile de dhíth chun an idir-inoibritheacht a áirithiú.
- (5) Aon doiciméad, aon sonraí nó aon aitheantóir bithmhéadrach a gheobhaidh Ballstát nuair a bheidh iarratas ar víosa á dhéanamh, measfar gur doiciméad consalach é nó iad faoi Choinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Consalachta an 24 Aibreán 1963 agus déileálfar leis nó leo mar is iomchuí.
- (6) D'fhonn clárú na n-iarratasóirí a éascú agus d'fhonn costais na mBallstát a laghdú, ní mór féidearthachtaí nua eagraíochtúla a shamhlú de bhreis ar an réim atá ann faoi láthair d'ionadaíocht. I dtús báire, ba cheart cineál sonracha ionadaíochta a bheadh teoranta do bhailiú iarratas agus do chlárú na n-aitheantóirí bithmhéadracha a chur leis na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha maidir le víosaí do na misin taidhleoireachta agus do phoist chonsalacha ⁽⁵⁾.

⁽¹⁾ IO C 321, 29.12.2006, lch. 38.

⁽²⁾ Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Iúil 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil), Comhsheasamh ón gComhairle an 5 Márta 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Márta 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽³⁾ IO L 213, 15.6.2004, lch. 5.

⁽⁴⁾ IO L 218, 13.8.2008, lch. 60.

⁽⁵⁾ IO C 326, 22.12.2005, lch. 1.

- (7) Ba cheart roghanna eile amhail an comhlonnú, ionaid choiteanna iarratas, consail oinigh agus comhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha a thabhairt isteach. Ba cheart réim dlíthiúil iomchuí do na roghanna sin a bhunú, agus saincheisteanna maidir le cosaint sonraí á gcur san áireamh go háirithe. I gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa réim dlíthiúil sin, ba cheart do na Ballstáit an struchtúr eagraíochtúil a úsáidfidh siad i ngach tríú tír a chinneadh. Ba cheart go bhfoilséodh an Coimisiún mionsonraí na struchtúr sin.
- (8) Agus an comhar á eagrú, ba cheart do Bhallstáit a áirithiú go dtreorófaí na n-iarratasóirí chuig an mBallstát atá freagrach as a n-iarratais a phróiseáil.
- (9) Is gá foráil a dhéanamh do chásanna ina ndéanfaidh na Ballstáit cinneadh, d'fhonn an nós imeachta a éascú, dul i gcomhar le soláthraí seirbhíse seachtrach chun iarratais a bhailiú. Féadfar cinneadh den sórt sin a dhéanamh más léir, i gcúinsí ar leith nó ar chúiseanna a bhaineann leis an staid áitiúil, nach bhfuil comhar leis na Ballstáit eile, i bhfoirm ionadaíochta teoranta, i bhfoirm comhlonnaithe nó i bhfoirm Ionaid Choitinn Iarratas iomchuí don Bhallstát lena mbaineann. Ba cheart socruithe den sórt sin a bhunú i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta maidir le víosaí a eisiúint, agus na ceanglais um chosaint sonraí á n-urramú a leagtar amach i dTreoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine anoir a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin⁽¹⁾. Agus na socruithe sin á mbunú agus á gcur chun feidhme, ba cheart, chomh maith, go gcuirfí san áireamh an gá atá ann go seachnófaí siopadóireacht víosaí.
- (10) Ba cheart do na Ballstáit dul i gcomhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha ar bhonn ionstraime dlí ar cheart forálacha a bheith inti maidir lena ndualgais shonracha agus maidir le rochtain dhíreach, iomlán a bheith ar fáil ar a n-áitreabh, maidir leis an bhfaisnéis d'iarratasóirí, maidir le rúndacht agus le cúinsí, agus maidir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun an comhar a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.
- (11) Trína cheadú do na Ballstáit dul i gcomhar le soláthraí seirbhíse seachtrach chun iarratais ar víosaí a bhailiú, agus trí phrionsabal an «ilfhreastail» a bhunú maidir le tíolacadh na n-iarratas ar víosaí, cruthaítear leis an Rialachán seo maolú ar an riail ghinearálta maidir le láithreach phearsanta dá bhforáiltear i gCuid III, pointe 4 de na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha. Ní chiallóidh an méid sin nach bhféadfar gaoch ar an iarratasóir ar víosa chun agallaimh pearsanta agus beidh sé gan dochar freisin d'aon ionstraimí dlí a bheidh ann amach anseo agus lena rialófar na saincheisteanna sin.
- (12) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le cosaint sonraí, chuathas i gcomhairle leis an Meitheal a cuireadh ar bun le hAirteagal 29 de Threoir 95/46/CE.
- (13) Tá feidhm ag Treoir 95/46/CE i ndáil leis na Ballstáit maidir leis an bpróiseáil a dhéanann siad ar shonraí phearsanta de bhun an Rialacháin seo.
- (14) Ba cheart go gcoimeádfadh na Ballstáit an deis atá ag na hiarratasóirí go léir iarratais a thaisceadh go díreach ag a misin taidhleoireachta nó ag a bpoist chonsalacha.
- (15) D'fhonn próiseáil aon iarratais a dhéanfar ina dhiaidh sin a éascú, ba cheart go mbeadh sé indéanta sonraí méarloirg a chóipeáil ón gcead iontráil sa VIS laistigh de thréimse 59 mí. A luaithe is a bheidh an tréimhse sin caite, ba cheart na méarloirg a ghlacadh athuair.
- (16) De bharr an cheanglais aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú, níor cheart idirghabhálaithe tráchtála amhail gníomhaireachtaí taistil a úsáid a thuilleadh don chéad iarratas, ach féadfar iad a úsáid d'iarratais ina dhiaidh sin.
- (17) Dá bhrí sin, ba cheart na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha a leasú dá réir.
- (18) Ba cheart go dtíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo trí bliana tar éis don VIS dul i mbun oibríochta agus arís gach uile cheithre bliana ina dhiaidh sin.
- (19) Ós rud é nach féidir cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon eagrúchán ghlacadh agus phróiseáil na n-iarratas maidir le sonraí bithmhéadracht a chur isteach sa VIS agus d'fhonn caighdeáin chomhchoiteanna agus aitheantóirí bithmhéadracha idirinoibritheacha a thabhairt isteach, agus rialacha comhchoiteanna a leagan síos, do na Ballstáit go léir atá rannpháirteach i gcomhbheartas an Chomhphobail maidir le víosaí, a ghnóthú go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (20) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótocal maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal ar an Danmhairg ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le acquis Schengen faoi fhorálacha Theideal IV de Chuid a Trí den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 5 den Phrótocal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis an dáta a nglacfar an Rialachán seo, cibé acu an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é nó nach gcuirfidh.

⁽¹⁾ IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

(21) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin i dtaca le cur chun feidhme, le cur i bhfeidhm agus le forbairt acquis Schengen ⁽¹⁾ a thagann faoin réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ⁽²⁾ maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin.

(22) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha acquis Schengen nach nglacann an Ríocht Aontaithe páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de acquis Schengen ⁽³⁾. Níl an Ríocht Aontaithe, dá bhrí sin, rannpháirteach ina ghlacadh agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(23) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha acquis Schengen nach nglacann Éire páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de acquis Schengen ⁽⁴⁾. Níl Éire, dá bhrí sin, rannpháirteach ina ghlacadh agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(24) Maidir leis an Eilvéis, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe a rinneadh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise i dtaca le cur chun feidhme, le cur i bhfeidhm, agus le forbairt acquis Schengen ⁽⁵⁾, a thagann faoin réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ⁽⁶⁾.

(25) Maidir le Lichtinstéin, is éard atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Phrótaicail a síníodh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin don Chomhaontú arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise i dtaca le cur chun feidhme, le cur i bhfeidhm agus le

forbairt acquis Schengen, a thagann faoin réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/261/CE ⁽⁷⁾.

(26) Maidir leis an gCipir, is éard atá sa Rialachán seo gníomh lena gcuirtear le acquis Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003.

(27) Is éard atá sa Rialachán seo gníomh lena gcuirtear le acquis Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha

Leasaítear leis seo na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha maidir le víosaí do mhísín taidhleoireachta agus do phoist chonsalacha mar seo a leanas:

1. Leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) I bpointe 1.2(b) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

‘Féadfaidh Ballstát ionadaíocht a dhéanamh freisin ar Bhallstát amháin nó níos mó ná Ballstát amháin ar bhealach teoranta chun iarratais a bhailiú agus chun aitheantóirí bithmhéadracha a chlárú, agus chuige sin amháin. Beidh feidhm ag forálacha ábhartha 1.2(c) agus (e). Déanfar comhaid agus sonraí a bhailiú agus a tharchur chuig an mBallstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh dó, agus na rialacha ábhartha cosanta sonraí agus slándála á n-urramú.

Áiritheoidh an Ballstát nó na Ballstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh dó nó dóibh go mbeidh na sonraí lánchriptithe, más go leictreonach nó go fisiciúil ar mheán leictreonach stórála a aistrefar iad ó údaráis an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh aige go dtí údaráis an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh air.

⁽¹⁾ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

⁽²⁾ IO L 176, 10.7.1999, lch. 31.

⁽³⁾ IO L 131, 1.6.2000, lch. 43.

⁽⁴⁾ IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.

⁽⁵⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁽⁶⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 1.

⁽⁷⁾ IO L 83, 26.3.2008, lch. 3.

I dtríú tíortha a chuireann toirmeasc ar chriptiú sonraí atá le haistriú go leictreonach ó údaráis an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh aige go dtí údaráis an Bhallstáit nó na mBallstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh dó nó dóibh, ní cheadóidh an Ballstát nó na Ballstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh dó nó dóibh don Bhallstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh aige sonraí a aistriú go leictreonach.

Sa chás sin, áiritheoidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann go ndéanfaidh oifigeach consalach Ballstáit na sonraí leictreonacha a aistriú go fisiciúil i bhfoirm lánchriptithe ar mheán leictreonach stórála ó údaráis an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh aige go dtí údaráis an Bhallstáit nó na mBallstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh dó nó dóibh, nó i gcás ina gcaithfí bearta díréireacha nó bearta míréasúnacha a dhéanamh leis an aistriú sin a chur i gcrích, go ndéanfaí iad a aistriú ar bhealach slán, sábháilte, mar shampla, trí oibreoirí seanbhunaithe a úsáid, a mbeadh taithí acu ar dhoiciméid íogaire agus ar shonraí íogaire a iompar sa tríú tír lena mbaineann.

I ngach cás, déanfar an leibhéal slándála don aistriú a oiriúnu de réir íogaireacht na sonraí.

Déanfaidh na Ballstáit nó an Comhphobal a ndícheall chun teacht ar chomhaontú leis na tríú tíortha lena mbaineann le go gcuirfear ar leataobh an toirmeasc i gcoinne criptiú sonraí atá le haistriú go leictreonach idir údaráis na mBallstát lena mbaineann.

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (d):

‘(d) Nuair a eiseofar víosaí aonfhoirmeacha de bhun (a) agus (b), léireofar an ionadaíocht agus an ionadaíocht theoranta sa tábla ionadaíochta d’éisiúint víosaí aonfhoirmeacha, a leagtar amach in Iarscríbhinn 18.’

2. Leasaítear Cuid III mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 1:

‘1. Iarratais ar Víosaí

1.1. Foirmeacha iarratais ar víosaí – líon na bhfoirmeacha iarratais

Ceanglófar ar iarratasóirí an fhoirm don iarratas ar víosa aonfhoirmeach a chomhlíonadh. Ní mór iarratais ar víosa aonfhoirmeach a dhéanamh ag baint úsáide as an bhfoirm chomhchuíbhithe, a dtagtar cóip shamplach di in Iarscríbhinn 16.

Líonfar isteach cóip amháin, ar a laghad, den fhoirm iarratais le go bhféadfaí í a úsáid le linn comhairliúcháin leis na húdaráis láir. Féadfaidh na Ballstáit, a mhéid a cheanglóidh na nósanna imeachta riar-

acháin náisiúnta amhlaidh, líon cóipeanna den iarratas a iarraidh.

1.2. Aitheantóirí bithmhéadracha

(a) Baileoidh na Ballstáit aitheantóirí bithmhéadracha arb éard a bheidh iontu íomha den aghaidh agus deich gcinn de mhéarloirg ón iarratasóir i gcomhréir leis na cosaintí a leagtar síos sa Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Ceanglófar ar an iarratasóir a bheith i láthair go pearsanta an tráth a mbeidh a chéad iarratas á chur isteach. An tráth sin, baileofar na haitheantóirí bithmhéadracha seo a leanas:

— grianghraf a scanadh nó a tógadh tráth an iarratais, agus

— deich gcinn de mhéarloirg a tógadh agus na méara leata agus a bailíodh go digiteach.

I gcás inar cuireadh isteach den chéad uair sa Chóras Faisnéise Víosa (VIS) méarloirg a tógadh ón iarratasóir i ndáil le hiarratas a rinneadh níos luaithe tráth níos lú ná 59 mí roimh dháta an iarratais nua, déanfar iad a chóipeáil isteach san iarratas a dhéanfar ina dhiaidh sin.

I gcás ina mbeadh amhras réasúnta ann, áfach, maidir le céannacht an t-iarratasóir, déanfaidh an misean taidhleoireachta nó an post consalach na méarloirg a bhailiú laistigh den tréimhse a shonraítear thuas.

Thairis sin, más rud é, an tráth a dtaiscfear an t-iarratas ar víosa, nach féidir a dhaingniú gur bailíodh na méarloirg laistigh den tréimhse a shonraítear thuas, féadfaidh an t-iarratasóir a iarraidh go mbaileofaí iad.

I gcomhréir le hAirteagal 9(5) de Rialachán VIS, cuirfear isteach sa VIS an grianghraf a bheidh i gceangal le gach iarratas. Ní chuirfear de cheangal ar an iarratasóir a bheith i láthair go pearsanta chun na críche sin.

Beidh na ceanglais theicniúla don ghrianghraf i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta a leagtar amach i nDoic. ICAO 9303 cuid 1, an 6ú heagrán.

Glacfar na méarloirg i gcomhréir le caighdeán ICAO agus i gcomhréir le Cinneadh 2006/648/CE an 22 Meán Fómhair 2006 ón gCoimisiún lena leagtar síos na sonraíochtaí teicniúla maidir le caighdeán do ghnéithe bithmhéadracha a bhaineann leis an Chóras Faisnéise Víosáí a fhorbairt (*).

Is í foireann cháilithe, chuí-údaraithe an mhisin taidhleoireachta nó an phoist chonsalacha agus na húdaráis atá freagrach as víosaí a eisiúint ag na teorainneacha, a bhaileoidh na haitheantóirí bithmhéadracha. Faoi mhaoirseacht na misean taidhleoireachta nó na bpost consalach, féadfaidh foireann cháilithe chuí-údaraithe consail oinigh nó soláthraí seirbhíse seachtraí dá dtagraítear i gCuid VII, pointe 1.3. agus pointe 1.4. na haitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú.

I gcomhréir le hAirteagal 6(1), le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 9(5) agus (6) de Rialachán VIS, is í an fhoireann chuí-údaraithe chonsalach amháin a iontrálfaidh sonraí sa VIS.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbainfear úsáid iomlán as critéir chuardaigh faoi Airteagal 15 de Rialachán VIS d'fhonn diúltú bréagach agus céannú bréagach a sheachaint.

(b) Eisceachtaí

Beidh na hiarratasóirí seo a leanas díolmhaithe ón gceanglas méarloirg a thabhairt:

— leanaí faoi bhun 12 bliana d'aois;

— daoine a bhfuil sé dodhéanta go fisiciúil méarlorgaireacht a dhéanamh orthu. Más féidir méarlorgaireacht a dhéanamh ar níos lú ná deich gcinn de mhéara, tógfar an líon sin de mhéarloirg faoi seach. I gcás go mbeadh sé dodhéanta go sealadach é a dhéanamh, áfach, ceanglófar ar an iarratasóir na méarloirg a thabhairt tráth a mbeidh an chéad iarratas eile á dhéanamh. Misin taidhleoireachta nó poist chonsalacha agus údaráis atá freagrach as víosaí a eisiúint ag na teorainneacha, beidh siad i dteideal soiléiriú breise a iarraidh de bharr é a bheith dodhéanta méarlorgaireacht a dhéanamh go sealadach. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil nósanna imeachta iomchuí bunaithe chun go ráthófar dínit an iarratasóra i gcás ina mbeidh deacrachtaí clárúcháin ann. Nuair a bheidh sé dodhéanta méarlorgaireacht a dhéanamh, ní bheidh tionchar aige sin maidir le víosa a dheonú nó a dhiúltú;

— ceannairí Stáit nó rialtais agus baill de rialtais náisiúnta lena gcéilí a bheidh á dtionlacan, agus baill dá dtoscaireachtaí oifigiúla nuair a thabharfaidh Rialtais Bhallstát nó eagraíochtaí idirnáisiúnta cuireadh dóibh chun críche oifigiúla;

— ríthe nó banríonacha agus baill shinsearachta de theaghlach ríoga, nuair a thabharfaidh rialtais Ballstát nó eagraíochtaí idirnáisiúnta cuireadh dóibh chun críche oifigiúla.

I ngach ceann de na cásanna sin, cuirfear isteach iontráil »neamh-infheidhme« sa VIS.

(*) IO L 267, 27.9.2006, lch. 41.'.

(b) Cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

5. Iompar na foirne

Áiritheoidh misin taidhleoireachta agus poist chonsalacha na mBallstát go gcuirfear fáilte chúirtéiseach roimh na hiarratasóirí.

Léireoidh comhaltaí foirne na gconsalachtaí meas ar dhínit an duine agus iad i mbun a ndualgas. Beidh aon bhearta a ghlacfar i gcomhréir leis na cuspóirí a bheidh á saothrú leis na bearta sin.

Fad a bheidh a dtascanna á gcomhlíonadh acu, ní dhéanfaidh an fhoireann chonsalach leatrom ar dhaoine mar gheall ar ghnéas, ar bhunús ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéis.'.

3. Leasaítear Pointe 1 de Chuid VII mar a leanas:

1. Eagrúchán rannán víosaí

1.1. Eagrúchán ghlacadh agus phróiseáil iarratas ar víosaí

Beidh gach Ballstát freagrach as ghlacadh agus próiseáil iarratas ar víosaí a eagrú. Ba cheart, i bprionsabal, go dtaiscíf iarratais ar víosaí i misin taidhleoireachta nó i bpoist chonsalacha na mBallstát.

Maidir leis na Ballstáit:

— déanfaidh siad a misin taidhleoireachta agus a bpoist chonsalacha agus na húdaráis atá freagrach as víosaí a eisiúint ag na teorainneacha a threalmhú leis an ábhar is gá chun aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú, agus déanfaidh siad freisin oifigí na gconsal oinigh a threalmhú aon uair a bhainfidh siad leas astu chun aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú i gcomhréir le pointe 1.3, agus/nó

- rachaidh siad i gcomhar le Ballstát amháin nó níos mó ná Ballstát amháin, faoi chuimsiú comhair chonsalaigh áitiúil nó trí theagmhálacha iomchuí eile, i bhfoirm ionadaíochta teoranta, i bhfoirm comhlonnaithe, nó i bhfoirm Ionaid Choitinn Iarratais, i gcomhréir le pointe 1.2.

In imthosca sonracha nó ar bhonn cúiseanna a bhaineann leis an staid áitiúil, i gcásanna mar a leanas:

- i gcás nach gceadóidh an líon ard iarratasóirí go neagrófar bailiú iarratas ar víosaí nó bailiú sonraí ar mhodh tráthúil agus i gcoinníollacha maithe, nó
- i gcás nach féidir cumhdach críochach maith ar an tríú tír lena mbaineann a áirithiú ar aon bhealach eile,

agus i gcás ina dtarlóidh sé nach mbeidh na cineálacha comhoibrithe thuasluaite iomchuí don Bhallstát lena mbaineann, féadfaidh Ballstát, mar rogha dheireanach dul i gcomhar le soláthraí seirbhíse seachtrach, i gcomhréir le pointe 1.4.

Gan dochar don cheart chun an t-iarratasóir a ghlaoch le haghaidh agallaimh phearsanta, dá bhforáiltear i gCuid III, pointe 4, ní cheanglófar ar an iarratasóir, de thoradh ar roghnú a dhéanamh ar chineál eagraíochta, teacht i láthair go pearsanta i níos mó ná láthair amháin d'fhonn iarratas a thaisceadh.

1.2. Cineálacha comhair idir Bhallstáit

- (a) I gcás ina roghnófar an »comhlonnú«, próiseálfaidh foireann na misean taidhleoireachta nó na bpost consalach de chuid Ballstáit amháin nó níos mó ná Ballstáit amháin na hiarratais (lena n-áirítear na haitheantóirí bithmhéadracha) a sheolfar chucu ag misean taidhleoireachta nó ag post consalach Ballstáit eile agus roinnfidh siad trealamh an Bhallstáit sin. Comhaontóidh na Ballstáit lena mbaineann ré an chomhlonnaithe agus na coinníollacha maidir lena fhoirceannadh agus comhaontóidh siad cionmhaireacht na táille víosa a bheidh le fáil ag an mBallstát a mbeidh a mhisean taidhleoireachta nó a phost consalach á úsáid.
- (b) I gcás ina mbunófar »Ionaid Choiteanna Iarratais«, cuirfear foireann na misean taidhleoireachta agus na bpost consalach de chuid dhá Bhallstát nó níos mó ná dhá Bhallstát i dteannta a chéile in aon fhoirgneamh amháin chun na hiarratais (lena n-áirítear na haitheantóirí bithmhéadracha) a dhíreofar chucu a ghlacadh. Treorófar na hiarratasóirí chuig an mBallstát a bheidh freagrach as an iarratas a phróiseáil. Comhaontóidh na Ballstáit ré an chomhair sin agus na coinníollacha maidir lena fhoirceannadh, agus na comhroinnt na

gcostas ar na Ballstáit rannpháirteacha. Beidh Ballstát amháin freagrach as na conarthaí maidir le lóistíocht agus maidir leis an gcaidreamh taidhleoireachta leis an tír óstach.

1.3. Leas a bhaint as consail oinigh

Féadfar a údarú do chonsail oinigh freisin cuid de na cúraimí nó na cúraimí go léir dá dtagraítear i bpointe 1.5. a fheidhmiú. Glacfar bearta leordhóthanacha chun slándáil sonraí agus cosaint sonraí a áirithiú.

I gcás nach státseirbhíseach de chuid Ballstáit é an consal oinigh, comhlíonfar le feidhmiú na gcúraimí sin na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 19, seachas na forálacha i bpointe C(c) den Iarscríbhinn sin.

I gcás inar státseirbhíseach de chuid an Ballstáit é an consal oineach, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go gcuirfear i bhfeidhm ceanglais atá incomparáide leis na ceanglais a bheadh i bhfeidhm dá bhfeidhmeadh a mhisean taidhleoireachta nó a phost consalach na cúraimí sin.

1.4. An comhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha

Féachfaidh na Ballstáit le dul i gcomhar le soláthraí seirbhíse seachtrach agus le Ballstát amháin nó níos mó ná Ballstát amháin gan dochar do rialacha soláthair phoiblí agus iomaíochta.

Beidh an comhar le soláthraí seirbhíse seachtrach bunaithe ar ionstraim dlí a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 19.

Malartóidh na Ballstáit faisnéis, faoi chuimsiú comhair chonsalaigh áitiúil, maidir le roghnú soláthraithe seirbhíse seachtracha agus maidir le bunú théarmaí agus choinníollacha a n-ionstraimí dlí faoi seach.

1.5. Cineálacha comhair le soláthraithe seirbhíse seachtracha

D'fhéadfadh sé go mbeadh an cúram tugtha do sholáthraí seirbhíse seachtrach ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na cúraimí seo a leanas a fheidhmiú:

- (a) faisnéis ghinearálta ar cheanglais víosaí agus ar fhoirmeacha iarratais a chur ar fáil;
- (b) an t-iarratasóir a chur ar an eolas maidir leis na doiciméid tacaíochta ata ag teastáil, ar bhonn seicliosta;
- (c) sonraí agus iarratais a bhailiú (lena n-áirítear aitheantóirí bithmhéadracha) agus an t-iarratas a tharchur chuig an misean taidhleoireachta nó chuig an bpost consalach;

- (d) an táille a ghearrfar a bhailiú;
- (e) bainistiú a dhéanamh ar na coinní maidir le láithreach pearsanta ag an misean taidhleoireachta nó ag an bpost consalach nó ag an soláthraí seirbhíse seachtrach;
- (f) na doiciméid taistil a bhailiú (lena n-áirítear fógra maidir le diúltú más infheidhme) ón misean taidhleoireachta nó ón bpost consalach agus iad a thabhairt ar ais chuig an iarratasóir.

1.6. Oibleagáidí na mBallstát

Agus soláthraí seirbhíse seachtrach á roghnú acu, déanfaidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann mionscrúdú ar shócmhainneacht agus ar iontaofacht na cuideachta (lena n-áirítear na ceadúnais riachtanacha, an clárú tráchtála, reachta na cuideachta, conarthaí bainc) agus áiritheoidh sé nó siad nach mbeidh easaontacht leasanna i gceist.

Áiritheoidh an Ballstát nó na Ballstáit go gcomhlíonfaidh an soláthraí seirbhíse seachtrach a roghnaítear, na téarmaí agus na coinníollacha a shanntar dó san ionstraim dlí a luaitear i bpointe 1.4.

Is é an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann a bheidh freagrach as comhlíonadh na rialacha um chosaint sonraí do phróiseáil sonraí agus déanfar maoirseacht ar an mBallstát sin nó ar na Ballstáit sin i gcomhréir le hAirteagal 28 de Threoir 95/46/CE ó Pharlíamint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil go huathoibríoch agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (*).

Aon chomhar a dhéanfar le soláthraí seirbhíse seachtrach, ní chuirfear teorainn ná cosc dá bharr ar an dliteanas faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit nó na mBallstáit lena mbaineann i leith sárúithe oibleagáidí maidir le sonraí pearsanta iarratasóirí agus próiseáil víosaí. Tá an fhoráil seo gan dochar d'aon ghníomh díreach a fhéadfar a thógáil i gcoinne an tsoláthraí seirbhíse sheachtraigh faoi dhlí náisiúnta an tríú tír lena mbaineann.

Áiritheoidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann go mbeidh na sonraí lánchriptithe, más go leictreonach nó go fisiciúil ar mheán leictreonach stórála a aistrítear iad ón soláthraí seirbhíse seachtrach go dtí údaráis an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann.

I dtríú tíortha a chuireann toirmeasc ar chriptiú sonraí atá le haistriú go leictreonach ón soláthraí seirbhíse seachtrach go dtí údaráis an Bhallstáit nó na

mBallstát lena mbaineann, ní cheadóidh an Ballstát nó na Ballstáit sin don soláthraí seirbhíse seachtrach sonraí a aistriú go leictreonach.

I gcás den sórt sin, áiritheoidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann go ndéanfaidh oifigeach consalach Ballstáit na sonraí leictreonacha a aistriú go fisiciúil i bhfoirm lánchriptithe ar mheán leictreonach stórála ó údaráis an Bhallstáit ón soláthraí seirbhíse seachtrach go dtí údaráis an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, nó i gcás ina gcaithfí bearta díreireacha nó bearta míréasúnacha a dhéanamh leis an aistriú sin a chur i gcrích, go ndéanfaí iad a aistriú ar bhealach slán, sábháilte eile, mar shampla, trí oibreoirí seanbhunaithe a mbeadh taithí acu ar dhóiciméid íogaire agus ar shonraí íogaire a iompar sa tríú tír lena mbaineann.

I ngach cás, déanfar leibhéal na slándála don aistriú a oiriúnú de réir íogaireacht na sonraí.

Déanfaidh na Ballstáit nó an Comhphobal gach iarracht chun teacht ar chomhaontú leis na tríú tíortha lena mbaineann le go gcuirfear ar leataobh an toirmeasc i gcoinne criptiú sonraí atá le haistriú go leictreonach ón soláthraí seirbhíse seachtrach go dtí údaráis na mBallstát lena mbaineann.

Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann oiliúint ar fáil don soláthraí seirbhíse seachtrach i gcomhréir leis an bhfaisnéis a theastaíonn chun seirbhís íomchuí agus faisnéis leordhóthanach a chur ar fáil d'iarratasóirí.

Forálfaidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann, i gcás ina mbeadh amhras fúthú, go bhféadfaí méarloirg a fhóru ag an misean taidhleoireachta nó ag an bpost consalach, ar méarlorga iad a glacadh ag an soláthraí seirbhíse seachtrach.

Is é an misean taidhleoireachta nó an post consalach, agus iadsan amháin, a dhéanfaidh an scrúdú ar iarratais ar víosaí, na hagallaimh i gcás inarb íomchuí, próiseas an údaraithe agus greamáin víosaí a phriontáil agus a ghreamú.

Ní bheidh rochtain ag na soláthraithe seirbhíse seachtracha ar an VIS in imthosca ar bith. Is ag comhaltaí foirne cuí-údaraithe na misean taidhleoireachta nó na bpost consalach, agus acusan amháin, a bheidh rochtain ar an VIS.

Déanfaidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann monatóireacht ghéar ar chur chun feidhme na hionstraime dlí dá dtagraítear i bpointe 1.4, lena n-áirítear:

- (a) an fhaisnéis ghinearálta maidir leis na ceanglais i leith víosaí, agus na foirmeacha iarratais a sholáthair an soláthraí seirbhíse seachtrach do na hiarratasóirí ar víosaí;
- (b) na bearta slándála uile is gá, idir theicniúil agus eagraíochtúil, chun sonraí pearsanta a chosaint ar scriosadh, bíodh sé mhídhleathach nó trí thaisme, ar chailliúint trí thaisme, ar athrú, ar nochtadh gan údarás nó ar rochtain gan údarás, go háirithe i gcás ina mbainfidh an comhar le tarchur comhad agus sonraí chuig misean taidhleoireachta nó chúig phost consalach an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, agus chun iad a chosaint ar phróiseáil neamhdhleathach de gach cineál eile;
- (c) bailiú agus traschur na n-aitheantóirí bithmhéadracha;
- (d) na bearta a ghlactar chun a áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha maidir le cosaint sonraí.

Chun na críche sin, déanfaidh misean taidhleoireachta nó post consalach an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann seiceálacha, go tráthrialta gan fógra roimh ré ar áitreamh an tsoláthraí seirbhíse sheachtraigh.

1.7. *Táille na Seirbhíse*

Féadfaidh soláthraithe seirbhíse seachtracha táille seirbhíse a ghearradh sa bhreis ar an táille a bheidh le híoc a leagtar amach in Iarscríbhinn 12. Beidh an táille seirbhíse i gcomhréir leis na costais a thabhaíonn an soláthraí seirbhíse seachtrach agus é i mbun ceann de na cúraimí dá dtagraítear i bpointe 1.5 nó níos mó ná ceann amháin de na cúraimí sin.

Déanfar an táille seirbhíse a shonrú san ionstraim dlí dá dtagraítear i bpointe 1.4.

Faoi chuimsiú an chomhair chonsalaigh áitiúil, áiritheoidh na Ballstáit go léireoidh an táille seirbhíse a ghearrfar ar an iarratasóir na seirbhísí a thairgeann an soláthraí seirbhíse seachtrach agus go ndéanfar í a oiriúnú do chúinsí áitiúla. Ina theannta sin, beidh sé d'aidhm acu an táille seirbhíse sin a chomhchuihbhiú.

Ní mó ná leath de mhéid tháille an víosa a leagtar amach in Iarscríbhinn 12 a bheidh sa táille seirbhíse, beag beann ar aon díolúintí ón táille víosa a d'fhéadfadh a bheith ann agus dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 12.

Coimeádfaidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann an deis atá ag na hiarratasóirí go léir iarratais a thaisceadh go díreach ag a misin taidhleoireachta nó ag a bpoist chonsalacha.

1.8. *Faisnéis*

Beidh faisnéis chruinn ar taispeáint don phobal i gcoitinne i misin taidhleoireachta agus i bpoist chonsalacha na mBallstát, maidir leis an modh chun coinne a shocrú agus iarratas ar víosa a thíolacadh.

1.9. *Leanúnachas na seirbhíse*

I gcás ina ndéanfar foirceannadh tobann ar an gcomhar leis na Ballstáit eile nó le soláthraí seirbhíse seachtrach d'aon chineál, áiritheoidh na Ballstáit go leanfar de sheirbhís iomlán a chur ar fáil.

1.10. *Cinneadh agus foilsíú*

Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún an chaoi a bhfuil sé ar intinn acu glacadh agus próiseáil na n-iarratas ar víosaí a eagrú i ngach láthair chonsalach. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar foilsíú iomchuí.

Cuirfidh na Ballstáit cóip den ionstraim dlí dá dtagraítear i bpointe 1.4. ar fáil don Choimisiún.

(*) IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.º.

4. Leasaítear Pointe 5.2 de Chuid VIII mar a leanas:

(a) cuirtear an teideal seo a leanas in ionad an teidil:

'5.2. *an comhar idir misin taidhleoireachta agus poist chonsalacha na mBallstát agus idirghabhálaithe tráchtála*;

(b) cuirtear isteach an abairt seo a leanas idir an teideal agus pointe 5.2(a):

'I gcás iarratas a dhéanfar ina dhiaidh sin faoi phointe 1.2 de Chuid III, féadfaidh na Ballstáit a cheadú dá misin taidhleoireachta nó dá bpoist chonsalacha dul i gcomhar le hidirghabhálaithe tráchtála (i.e. gníomhair-eachtaí príobháideacha riaracháin agus gníomhair-eachtaí iompair nó taistil amhail tionscnóirí turas agus miondíoltóirí)';

5. Cuirtear isteach an Iarscríbhinn seo a leanas:

‘IARSCRÍBHINN 19

Liosta de na ceanglais íosta a áireofar san ionstraim dlí sa chás ina rachfar i gcomhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha

- A. Maidir le feidhmiú a ghníomhaíochtaí, déanfaidh an soláthraí seirbhíse seachtrach an méid seo a leanas ag féachaint do chosaint sonraí:
- (a) áiritheoidh sé nach ndéanfar aon léamh neamhúdaraíthe, aon chóipeáil neamhúdaraíthe, aon mhodhnú neamhúdaraíthe ná aon scríodadh neamhúdaraíthe ar shonraí víosa ag am ar bith, agus go háirithe le linn do na sonraí sin a bheith á dtarchur chuig misean taidhleoireachta nó chuig post consalach an Bhallstáit nó na mBallstát atá freagrach i leith phróiseáil an iarratais.
- (b) i gcomhréir leis na treoracha a gheofar ón mBallstát nó ó na Ballstáit lena mbaineann, tarchuirfidh sé na sonraí,
- go leictreonach, i bhfoirm chriptithe, nó
- go fisiciúil, ar bhealach daingnithe;
- (c) tarchuirfidh sé na sonraí a luaithe agus is féidir:
- i gcás sonraí a thraschuirtear go fisiciúil, ar a laghad uair amháin sa tseachtain;
- i gcás sonraí criptithe a thraschuirtear go leictreonach, faoi dheireadh an lae a bhailítear iad, ar a dhéanaí;
- (d) scríofaídh sé na sonraí a luaithe agus a bheidh siad tarchurtha aige agus áiritheoidh sé nach bhféadfar aon sonraí a choinneáil seachas ainm agus sonraí teagmhála an iarratasóra chun críocha coinní a shocrú, mar aon leis an uimhir pas go dtí go dtabharfar an pas ar ais don iarratasóir, i gcás inarb iomchuí;
- (e) áiritheoidh sé go nglacfar na bearta slándála uile is gá, idir theicniúil agus eagraíochtúil, chun sonraí pearsanta a chosaint ar scríodadh, bíodh sé mhídhleathach nó trí thaisme, nó ar chailliúint trí thaisme, ar athrú, ar nochtadh gan údarás nó ar rochtain gan údarás, go háirithe i gcás ina mbainfidh an comhar le tarchur comhad agus sonraí chuig mhisean taidhleoireachta nó chuig post consalach an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, agus chun iad a chosaint ar phróiseáil neamhdhleathach de gach cineál eile;
- (f) próiseálfadís sé na sonraí chun sonraí pearsanta iarratasóirí ar víosaí a phróiseáil thar ceann an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, agus chun na críocha sin amháin;
- (g) déanfaidh sé caighdeán um chosaint sonraí a chur i bhfeidhm a bheidh ar a laghad coibhéiseach leis na caighdeáin a leagtar amach i dTreoir 95/46/CE;
- (h) déanfaidh sé an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 37 de Rialachán VIS a chur ar fáil do na hiarratasóirí.
- B. Maidir le feidhmiú a ghníomhaíochtaí, déanfaidh an soláthraí seirbhíse seachtrach an méid seo a leanas ag féachaint d'iompar na foirne:
- (a) áiritheoidh sé go bhfuil an fhoireann oilte mar is iomchuí;
- (b) áiritheoidh sé go ndéanfaidh an fhoireann na nithe seo a leanas agus a ndualgais á gcomhlíonadh:
- go gcuirfidh sí fáilte chúirtéiseach roimh iarratasóirí;
- go n-urramóidh sí dínit agus ionracas na n-iarratasóirí;
- nach ndéanfaidh sí leatrom ar dhaoine mar gheall ar ghnéas, ar bhunús ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéis, agus
- go n-urramóidh sí na rialacha rúndachta, a mbeidh feidhm leo freisin i gcás ina bhfágfaidh na baill foirne a bpost agus tar éis don ionstraim dlí a bheith curtha ar fionraí nó tar éis di a bheith foirceanta;
- (c) soláthróidh sé, i gcónaí, sonraí aitheantais na gcomhaltaí foirne a bheidh ag obair sa chuideachta;
- (d) cruthóidh sé nach bhfuil taifid choiriúla ag aon bhall den fhoireann agus go bhfuil an saineolas is gá acu.
- C. Maidir le fíorú a dhéanamh ar fheidhmiú a ngníomhaíochtaí, déanfaidh an soláthraí seirbhíse seachtrach an méid seo a leanas:
- (a) gan gá le fógra roimh ré, tabharfaidh sé cead isteach ar a áitreabh i gcónaí d'fhoireann atá cáilithe chuige sin ag an mBallstát nó ag na Ballstáit lena mbaineann, go háirithe chun críocha cigireachta;
- (b) áiritheoidh sé go bhféadfar cianrochtain a fháil ar a chóras ceapacháin, chun críocha cigireachta;
- (c) áiritheoidh sé go n-úsáidfear na modhanna ábhartha monatóireachta (e.g. iarratasóirí tástála; ceamara géasáin);
- (d) áiritheoidh sé go mbeidh rochtain ar fáil ar chruthúnas maidir le comhlíonadh na rialacha um chosaint sonraí, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le tuairiscíú, iniúchtaí seachtracha agus spotseiceálacha tráthrialta;
- (e) cuirfidh sé tuarascáil chuig an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann gan mhoill faoi aon sárú ar shlándáil nó faoi aon ghearáin ó iarratasóirí maidir le mí-úsáid sonraí nó rochtain neamhúdaraíthe, agus oibreoidh sé i gcomhar leis an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann d'fhonn teacht ar réiteach, agus tabharfaidh sé freagairt mhínitheach gan mhoill ar na hiarratasóirí gearánacha;

D. Maidir leis na ceanglais ghinearálta, déanfaidh an soláthraí seirbhíse seachtrach an méid seo a leanas:

- (a) gníomhóidh sé faoi threoracha an Bhallstáit nó na mBallstát atá freagrach i leith phróiseáil an iarratais;
- (b) glacfaidh sé bearta iomchuí frith-éillithe (e.g. forálacha maidir le híocaíocht na foirne; comhar maidir le roghnú na mball foirne le haghaidh an chúraim „riail na beirte“; prionsabal na huainíochta);
- (c) urramóidh sé go huile agus go hiomlán forálacha na hionstraimhe dlí, a mbeidh clásal fionraí nó clásal maidir le foirceannadh inti, go háirithe i gcás ina sárófar na rialacha atá bunaithe, mar aon le clásal maidir le hathbhreithniú d'fhonn a áirithiú go gcuirfear na cleachtais is fearr san áireamh san ionstraim dlí.

Airteagal 2

Tuairisciú

Trí bliana tar éis don VIS dul i mbun oibríochta, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, tólaíodh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear bailiú agus úsáid aitheantóirí bithmhéadracha a chur chun feidhme, cé chomh hoiriúnach atá an caighdeán ICAO a roghnaíodh, comhlíonadh

na rialacha cosanta sonraí, an taithí le soláthraithe seirbhíse seachtracha agus tagairt shonrach á déanamh do bhailiú sonraí bithmhéadracha, cur chun feidhme an riail 59-mí do chóipeáil méarlorg agus eagrúchán ghlacadh agus phróiseáil iarratas. Áireofar sa tuarascáil freisin, ar bhonn Airteagal 17(12), (13) agus (14) agus Airteagal 50(4) de Rialachán VIS, na cásanna nárbh fhéidir na méarloirg a sholáthar go hiarbhrí nó nár ceanglaíodh iad a sholáthar ar chúiseanna dlí, i gcomparáid le líon na gcásanna inar tógadh méarloirg. Áireofar sa tuarascáil faisnéis maidir le cásanna inar diúltaíodh víosa do dhuine nach raibh in ann méarloirg a sholáthar go hiarbhrí. Beidh tograí iomchuí chun an Rialachán seo a leasú ag gabháil leis an tuarascáil i gcás inar gá.

Sa cheád tuarascáil, tabharfar aghaidh freisin ar an tsaincheist faoi leordhóthanacht iontaofacht na méarlorg chun críocha sainaithint agus fíorú, i gcás leanbh atá faoi bhun 12 bhliain d'aois agus, go háirithe, ar an gcaoi a thagann éabhlóid ar mhéarloirg agus daoine ag dul in aois, ar bhonn staidéir a chuirfear i gcrích faoi fhreagracht an Choimisiúin.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 23 Aibreán 2009.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa

An tUachtarán

H.-G. PÖTTERING

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

P. NEČAS

RIALACHÁN (CE) Uimh. 391/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Aibreán 2009

maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge

(Athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 80(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiúin ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh, i bhfianaise an téacs chomhpháirtigh arna fhorghas ag an gCoiste Idir-réitigh an 3 Feabhra 2009 ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Rinneadh Treoir 94/57/CE ón gComhairle an 22 Samhain 1994 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge agus maidir le gníomhaíochtaí ábhartha lucht riaracháin muirí ⁽⁴⁾ a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta. Ós rud é go bhfuiltear chun tuilleadh leasuithe a dhéanamh, ba cheart í a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.
- (2) I bhfianaise chineál fhorálacha Threoir 94/57/CE, dealraíonn sé gurb íomchuí forálacha na Treorach sin a athmhúnlú in dhá ionstraim dhlíthiúla éagsúla Comhphobail, eadhon Treoir agus Rialachán.
- (3) Ba cheart go mbeadh ar chumas eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge a gcuid seirbhísí a thairiscint ar fud an Chomhphobail agus dul san iomaíocht lena chéile agus leibhéal chomhionanna cosanta sábháilteachta agus cosanta comhshaoil á soláthar acu. Dá bhrí sin, ba cheart na caighdeáin ghairmiúla atá riachtanach dá

ngníomhaíochtaí a bhunú agus a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar fud an Chomhphobail.

- (4) Ba cheart an cuspóir sin a shaothrú trí bhearta a thagann go leordhóthanach le hobair na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) agus, i gcás inar íomchuí, trí bhearta lena gcuirtear leis an obair sin agus lena gcomhlánaítear í. De bhreis air sin, ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit agus an Coimisiún forbairt cóid idirnáisiúnta ag an IMO d'eagraíochtaí aitheanta a chur chun cinn.
- (5) Ba cheart critéir íosta chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí a leagan síos d'fhonn sábháilteacht long a fheabhsú agus d'fhonn truailliú ó longa a chosc. Dá bhrí sin, ba cheart na critéir íosta a leagtar síos i dTreoir 94/57/CE a neartú.
- (6) Chun aitheantas tosaigh a dheonú do na heagraíochtaí ar mian leo go n-údarófaí dóibh obair a dhéanamh thar ceann na mBallstát, d'fhéadfadh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit a mbeidh an t-aitheantas á iarraidh acu, measúnú a dhéanamh, ar shlí níos éifeachtaí, ar chomhlíonadh na gcritéir íosta a leagtar síos sa Rialachán seo trí leas a bhaint as modh comhchuibhithe agus lárnaithe.
- (7) Níor cheart aitheantas a dheonú ach amháin ar bhonn fheidhmiúlacht cháilíochta agus sábháilteachta na heagraíochta. Ba cheart a áirithiú go bhfuil raon feidhme an aitheantais sin ag teacht i gcónaí le cumas iarbhír na heagraíochta lena mbaineann. De bhreis air sin, ba cheart go gcuirfeadh an t-aitheantas san áireamh na difríochtaí maidir le stádas dlíthiúil agus struchtúr corparáideach eagraíochtaí aitheanta agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gcritéir íosta a leagtar síos sa Rialachán seo agus éifeachtacht na rialuithe Comhphobail á n-áirithiú go leanúnach. Gan féachaint don struchtúr corparáideach, ba cheart don eagraíocht atá le haitheantas a fháil seirbhísí a sholáthar ar fud an domhain agus ba cheart go mbeadh a heintitis dhlíthiúla faoi réir dliteanais dhomhanda i gcomhpháirt agus go leithleach.
- (8) Ba cheart na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún ⁽⁵⁾.

⁽¹⁾ IO C 318, 23.12.2006, lch. 195.

⁽²⁾ IO C 229, 22.9.2006, lch. 38.

⁽³⁾ Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Aibreán 2007 (IO C 74 E, 20.3.2008, lch. 632), Comhsheasamh ón gComhairle an 6 Meitheamh 2008 (IO C 190 E, 29.7.2008, lch.1), Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meán Fómhair 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil), Cinneadh ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 agus Rún Reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Márta 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽⁴⁾ IO L 319, 12.12.1994, lch. 20.

⁽⁵⁾ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

- (9) Ba cheart, go háirithe, go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a leasú chun aon leasuithe iardain ar na coinbhinsiúin idirnáisiúnta, ar na prótacail, ar na cóid agus ar na rúin a bhaineann leis a ionchorprú, na critéir íosta atá in Iarscríbhinn I a uasdátú agus na critéir a ghlacadh chun éifeachtacht na rialacha agus na nósanna imeachta a thomhas chomh maith le feidhmiúlacht na n-eagraíochtaí aitheanta a thomhas maidir le sábháilteacht a long aicmithe agus maidir le truailliú óna longa aicmithe a chosc. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, *inter alia* trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.
- (10) Tá sé rithábhachtach gur féidir dul i ngleic, ar bhealach pras, éifeachtach agus comhréireach, le mainneachtain ag eagraíocht aitheanta a hoibleagáidí a chomhlíonadh. Ba cheart gurbh é an bunchuspóir a bheadh ann ná aon easnaimh a cheartú d'fhonn deireadh a chur, ag céim luath, le haon bhagairt ar shábháilteacht nó ar an gcomhshaol. Ba cheart, dá bhrí sin, na cumhachtaí is gá a thabhairt don Choimisiún chun a cheangal go dtabharfaidh an eagraíocht aitheanta faoin ngníomh coisctheach agus feabhais is gá, agus chun fineálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur mar bhearta comhéigeantacha. I bhfeidhmiú na gcumhachtaí sin dó, ba cheart don Choimisiún déanamh amhlaidh ar shlí ina gcomhlíontar cearta bunúsacha agus ba cheart dó a áirithiú gur féidir leis an eagraíocht a cuid tuairimí a chur in iúl i rith an nós imeachta ar fad.
- (11) I gcomhréir leis an gcur chuige uile-Chomhphobail, maidir leis an gcinneadh chun aitheantas a tharraingt siar ó eagraíocht a mhainníonn na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh má tharlaíonn nach bhfuil na bearta thuasluaite éifeachtach nó más ionann an eagraíocht, ar shlí eile, agus bagairt neamh-inghlactha ar shábháilteacht nó ar an gcomhshaol, ní mór é a ghlacadh ar leibhéal an Chomhphobail agus, dá bhrí sin, ní mór gurbh é an Coimisiún a ghlacfaidh é, ar bhonn nós imeachta coiste.
- (12) Maidir leis an bhfaireachán leanúnach a posteriori ar na heagraíochtaí aitheanta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo acu, is féidir é a dhéanamh ar shlí níos éifeachtaí trí leas a bhaint as modh comhchuibhithe agus lárnaithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, go gcuirfí an cúram seo ar an gCoimisiún, agus ar an mBallstát a bhfuil an t-aitheantas á iarraidh aige, thar ceann an Chomhphobail.
- (13) Mar chuid den fhaireachán ar oibríochtaí eagraíochtaí aitheanta, tá sé fiorthábhachtach go mbeidh rochtain ag cigirí an Choimisiúin ar longa agus ar chomhaid loinge, gan féachaint do bhrotach na loinge, chun a fhionnadh an bhfuil na critéir íosta a leagtar síos sa Rialachán seo, i leith na long go léir ina n-aicmí faoi seach, á gcomhlíonadh ag na heagraíochtaí aitheanta.
- (14) Tá cumas eagraíochtaí aitheanta maidir le laigí ina rialacha, ina bpróisis agus ina rialuithe inmheánacha a shainathint go mear agus a cheartú thar a bheith tábhachtach do shábháilteacht na long a ndéanann na heagraíochtaí cigireacht agus deimhniúchán ina leith. Ba cheart an cumas sin a fheabhsú trí Eintiteas Measúnaithe agus Deimhnithe Cáilíochta, ar eintiteas é ar cheart dó a bheith neamhspleách ar aon leasanna tráchtála nó polaitiúla agus ar féidir leis comhghníomhaíocht a mholadh maidir le feabhsú marthanach gach eagraíocht aitheanta agus comhoibriú torthúil leis an gCoimisiún a áirithiú.
- (15) Is príomhfhachtóir iad rialacha agus nósanna imeachta eagraíochtaí aitheanta chun sábháilteacht a mhéadú agus chun tionóiscí agus truailliú a chosc. Chuir na heagraíochtaí aitheanta tús le próiseas ar cheart comhchuibhiú a rialacha agus a nósanna imeachta a bheith mar thoradh air. Ba cheart an próiseas sin a spreagadh, agus ba cheart tacaíocht a thabhairt ina leith, trí reachtaíocht Chomhphobail, toisc gur cheart go mbeadh tionchar dearfach aige ar shábháilteacht mhuirí agus ar iomaíochas thionscal longthógála na hEorpa chomh maith.
- (16) Is próiseas leanúnach é comhchuibhiú rialacha eagraíochtaí aitheanta maidir le dearadh, tógáil agus suirbhéireacht thréimhsiúil long ceannaíochta. Dá bhrí sin, maidir leis an oibleagáid go mbeadh sraith rialacha dílse ann, nó go mbeifí in ann an cumas chuige sin a léiriú, ba cheart breathnú uirthi i gcomhthéacs phróiseas an chomhchuibhithe agus níor cheart gurbh ionann í agus constaic ar ghníomhaíochtaí eagraíochtaí aitheanta nó ar iarrthóirí ionchasacha ar aitheantas.
- (17) Ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar eagraíochtaí aitheanta a gcaighdeáin theicniúla a uasdátú agus iad a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach chun na rialacha sábháilteachta a chomhchuibhiú agus chun a áirithiú go gcuirfear rialacha idirnáisiúnta chun feidhme go haonfhoirmeach laistigh den Chomhphobal. I gcás caighdeáin theicniúla eagraíochtaí aitheanta a bheith combhionann lena chéile nó an-chosúil lena chéile, ba cheart breithniú a dhéanamh, i gcásanna iomchuí, i dtaobh aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe d'ábhair, do threalamh agus do chomhpháirteanna, agus na caighdeáin is doichte agus is déine á nglacadh mar shlat tomhais.
- (18) Cé gur cheart do gach eagraíocht aitheanta a bheith freagrach, i bprionsabal, go leithleach agus go heisiach i ndáil leis na páirteanna a dheimhníonn sí, leanfaidh dliteanas eagraíochtaí aitheanta agus monaróirí na coiníollacha comhaontaithe nó, de réir mar a bheidh, an dlí is infheidhme i ngach cás aonair.
- (19) Ós rud é, maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise idir páirtithe leasmhara, chomh maith le ceart an phobail rochtain a fháil ar fhaisnéis, gur uirlisí bunúsacha iad chun tionóiscí ar muir a chosc, ba cheart d'eagraíochtaí aitheanta an fhaisnéis reachtúil ábhartha uile a bhaineann le staid na long ina n-aicme a sholáthar d'údarais rialaithe Stáit ar chalafoirt agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil don phobal i gcoitinne.

- (20) Chun cosc a chur ar athrú aicme ag longa chun an obair deisiúcháin atá riachtanach a sheachaint, ba cheart d'eagraíochtaí aitheanta an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le staid long a athraíonn aicme a mhalartú eatarthu féin agus ba cheart dóibh aird an Bhratstáit a tharraingt ar an ábhar nuair is gá.
- (21) Níor cheart go gcuirfeadh cosaint do chearta maoinne intleachtúla geallsealbhóirí muirí, lena n-áirítear longchlóis, soláthraithe trealamh agus úinéirí loinge, isteach ar ghnáth-idirbhearta gnó ná ar sheirbhísí a bhfuil comhaontú conarthach déanta ina leith idir na páirtithe sin.
- (22) Ba cheart go soláthródh an Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ an tacaíocht is gá chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a áirithiú.
- (23) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, eadhon bearta a bhunú a bheidh le leanúint ag eagraíochtaí a gcuirtear de chúram orthu cigireacht, suirbhéireacht agus deimhniúchán a dhéanamh i leith long atá ag oibriú sa Chomhphobal, agus dá bhrí sin, de bharr fhairsinge na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (24) Tá na bearta a bheidh le leanúint ag na Ballstáit ina gcuidreamh leis na heagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge leagtha síos i dTreoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge agus maidir le gníomhaíochtaí ábhartha lucht riaracháin muirí⁽²⁾,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunaítear leis an Rialachán seo na bearta a bheidh le leanúint ag eagraíochtaí a gcuirtear de chúram orthu cigireacht, suirbhéireacht agus deimhniúchán a dhéanamh i leith long i ndáil le comhlíonadh na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht ar muir agus maidir le truailliú muirí a chosc, agus an cuspóir saoirse a bheith ann chun seirbhísí a sholáthar á chur chun cinn san am céanna. Áirítear leis sin forbairt agus cur chun feidhme na gceanglas sábháilteachta do chabhail, d'in-

nealra, agus do shuiteálacha leictreacha agus rialaithe long a thagann faoi raon feidhme na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta.

Airteagal 2

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn 'long' long a thagann faoi raon feidhme na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta;
- (b) ciallaíonn 'coinbhinsiún idirnáisiúnta' an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir an 1 Samhain 1974 (SOLAS 74) cé is moite de chaibidil XI-2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Ualachlínite an 5 Aibreán 1966 agus an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta chun Truailliú ó Longa a Chosc an 2 Samhain 1973 (MARPOL), mar aon leis na prótacail a ghabhann leo agus na leasuithe a rinneadh orthu, agus na cóid ghaolmhara a bhfuil stádas éigeantach acu i ngach Ballstát, ina leagan cothrom le dáta;
- (c) ciallaíonn 'eagraíocht' eintiteas dlíthiúil, a fhochuideachtaí agus aon eintitis eile faoina rialú, a dhéanann cúraimí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a chomhall i gcomhpháirt nó go leithleach;
- (d) ciallaíonn 'rialú' chun críche phointe (c), cearta, conarthaí nó aon bhealach eile, de jure nó de facto, ar nithe iad, go leithleach nó i dteannta a chéile, a thugann deis chun tionchar cinntitheach a imirt ar eintiteas dlíthiúil nó a chumasaíonn don eintiteas sin cúraimí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a chomhall;
- (e) ciallaíonn 'eagraíocht aitheanta' eagraíocht a aithnítear i gcomhréir leis an Rialachán seo;
- (f) ciallaíonn 'údarú' gníomh trína ndeonaíonn Ballstát údarú d'eagraíocht aitheanta nó trína dtarmilgeann Ballstát cumhachtaí chuig eagraíocht aitheanta;
- (g) ciallaíonn 'deimhniú reachtúil' deimhniú arna eisiúint ag Bratstát nó thar a cheann i gcomhréir leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta;
- (h) ciallaíonn 'rialacha agus nósanna imeachta' ceanglais eagraíochta aitheanta maidir le dearadh, tógáil, trealamh, cothabháil agus suirbhéireacht long;
- (i) ciallaíonn 'deimhniú aicme' doiciméad arna eisiúint ag eagraíocht aitheanta agus lena ndeimhnítear inniúlacht loinge maidir le húsáid ar leith nó maidir le seirbhís ar leith i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta arna leagan síos agus arna bpoibliú ag an eagraíocht aitheanta sin;
- (j) ciallaíonn 'suíomh' an áit ina bhfuil oifig chláráithe, riarachán lárnach nó príomhát gnó eagraíochta suite.

⁽¹⁾ IO L 208, 5.8.2002, lch. 1.

⁽²⁾ Féach lch. 47 den Iris Oifigiúil seo.

Airteagal 3

1. Déanfaidh Ballstáit ar mian leo údarú a dheonú d'aon eagraíocht nach bhfuil aitheanta fós, iarraidh ar aitheantas a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar aon le faisnéis iomlán faoi na critéir íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a bheith arna gcomhlíonadh ag an eagraíocht, agus fianaise ar an méid sin, agus faoin gceanglas atá ann forálacha Airteagal 8(4), Airteagal 9, Airteagal 10 agus Airteagal 11 a chomhlíonadh agus faoina gealltanais go gcomhlíonfaidh sí na forálacha sin.

2. Déanfaidh an Coimisiún, agus na Ballstáit faoi seach a mbeidh an iarraidh á cur isteach acu, measúnuithe ar na heagraíochtaí a bhfuair thas ar iarraidh ar aitheantas ina leith chun a fhíorú go bhfuil na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 á gcomhlíonadh ag na heagraíochtaí agus go ngeallann siad go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais sin.

3. I gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(3), diúltóidh an Coimisiún aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí a mhainníonn na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh nó a meastar ina leith, ar bhonn na gcritéir a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 14, gurb ionann a bhfeidhmiúlacht agus bagairt neamh-inghlactha ar shábháilteacht nó ar an gcomhshaol.

Airteagal 4

1. Deonóidh an Coimisiún aitheantas i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

2. Ní dheonófar aitheantas ach amháin d'eagraíochtaí a chomhlíonann na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 3.

3. Deonófar aitheantas don eintiteas dlíthiúil ábhartha arb é máthaireintiteas na n-eintiteas dlíthiúil uile san eagraíocht aitheanta é. Cumhdóidh an t-aitheantas gach eintiteas dlíthiúil a rannchuideoidh lena áirithiú go gcuirfidh an eagraíocht sin cumhdach ar fáil dá sheirbhísí ar fud an domhain.

4. Féadfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(3), an t-aitheantas a theorannú i ndáil le cineálacha áirithe long, longa de mhéid áirithe, trádálacha áirithe, nó teaglam díobh sin, i gcomhréir le hinniúlacht chruithaithe agus le saineolas cruthaithe na heagraíochta lena mbaineann. I gcás den sórt sin, sonrúidh an Coimisiún na cúiseanna atá leis an teorannú agus na coinneíollacha ar fúthu a chuirfear deireadh leis an teorannú nó is féidir an teorannú a leathnú. Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar an teorannú tráth ar bith.

5. Déanfaidh an Coimisiún liosta de na heagraíochtaí a aithnítear i gcomhréir leis an Airteagal seo a tharraingt suas agus a uasdátú go rialta. Foilseofar an liosta sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

I gcás ina measfaidh an Coimisiún gur mhainnigh eagraíocht aitheanta na critéir íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó a hoibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, nó go bhfuil feidhmiúlacht sábháilteachta agus feidhmiúlacht coiscithe

truailithe eagraíochta aitheanta imithe in olcas go suntasach, ach nach ionann é sin, áfach, agus bagairt neamh-inghlactha ar shábháilteacht nó ar an gcomhshaol, éileoidh an Coimisiún ar an eagraíocht aitheanta lena mbaineann tabhairt faoin ngníomh coiscitheach agus feabhais is gá laistigh de sprioc-amanna a shonrófar lena áirithiú go bhfuil na critéir íosta agus na hoibleagáidí sin á gcomhlíonadh ina n-iomláine agus, go háirithe, go gcuirfear deireadh le haon bhagairt ionchasach ar shábháilteacht nó ar an gcomhshaol, nó go ndéileálfar ar shlí eile leis na cúiseanna atá leis an bhfeidhmiúlacht a bheith ag dul in olcas.

Féadfar bearta eastramhacha cosanta a áireamh sa gníomh coiscitheach agus feabhais nuair is bagairt láithreach í an bhagairt ionchasach ar shábháilteacht nó ar an gcomhshaol.

Ach, maidir leis na bearta a bheartaíonn an Coimisiún a ghlacadh, agus gan dochar do chur chun feidhme láithreach na mbearta sin, tabharfaidh an Coimisiún fógra roimh ré faoi na bearta sin do na Ballstáit uile a dheonaigh údarú don eagraíocht aitheanta lena mbaineann.

Airteagal 6

1. De bhreis ar na bearta a ghlacfar faoi Airteagal 5, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 12(2), fineálacha a fhorchur ar eagraíocht aitheanta ar eagraíocht í:

(a) — mar gheall ar a mainneachtain thromchúiseach nó a mainneachtain arís agus arís eile i leith na gcritéir íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó a hoibleagáidí faoi Airteagal 8(4), Airteagal 9, Airteagal 10 agus Airteagal 11 a chomhlíonadh

nó

— mar gheall ar a feidhmiúlacht atá ag dul in olcas a nochtar ina leith go bhfuil easnaimh thromchúiseacha ann ina struchtúr, ina córais, ina nósanna imeachta nó ina rialuithe inmheánacha; nó

(b) a thug faisnéis mhíchruinn, faisnéis neamhiomlán nó faisnéis mhíthreorach d'aon turas don Choimisiún i gcúrsa a mheasúnaithe de bhun Airteagal 8(1) nó a chuir bac ar shlí eile ar an measúnú sin.

2. Gan dochar do mhír 1, i gcás ina mainníonn eagraíocht aitheanta tabhairt faoin ngníomh coiscitheach agus feabhais a éilíonn an Coimisiún, nó i gcás ina ndéanann sí moilleanna gan údar, féadfaidh an Coimisiún íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur ar an eagraíocht sin go dtí go ndéantar an gníomh is gá a chur i gcrích go hiomlán.

3. Beidh na fineálacha agus na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 athchomhairleach agus comhréireach le tromchúis an cháis agus le hinniúlacht eacnamaíoch na heagraíochta aitheanta lena mbaineann, á chur san áireamh, go háirithe, cé chomh mór atáthar tar éis sábháilteacht nó cosaint an chomhshaoil a chur i mbaol.

Ní fhorchuirfear iad ach amháin tar éis deis a thabhairt don eagraíocht aitheanta agus do na Ballstáit lena mbaineann a mbarúlacha a thíolacadh.

Ní rachaidh méid comhiomlán na bhfíneálacha agus na n-íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirfear thar 5 % de mheánláimhdeachas iomlán na heagraíochta aitheanta sna trí bliana gnó roimhe sin as na gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

4. Beidh dlínse neamhtheoranta ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí ina mbeidh fíneáil nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil socraithe ag an gCoimisiún. Féadfaidh sí an fhíneáil nó an íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchuirfear a chealú, a laghdú, nó a mhéadú.

Airteagal 7

1. Déanfaidh an Coimisiún aitheantas eagraíochta a tharraingt siar:

- (a) i gcás inarb ionann agus bagairt neamh-inghlactha ar shábháilteacht nó ar an gcomhshaol í a mainneachtain thromchúiseach agus a mainneachtain arís agus arís eile na critéir íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó a hoibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh;
- (b) i gcás inarb ionann agus bagairt neamh-inghlactha ar shábháilteacht nó ar an gcomhshaol í a mainneachtain thromchúiseach agus a mainneachtain arís agus arís eile maidir lena feidhmiúlacht sábháilteachta agus maidir lena feidhmiúlacht coiscthe truaillithe;
- (c) i gcás ina gcoisceann sí, nó ina mbacann sí arís agus arís eile, measúnú ag an gCoimisiún;
- (d) i gcás ina mainníonn sí na fíneálacha agus/nó na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus (2) a íoc; nó
- (e) i gcás ina bhféachann sí le cumhdach airgeadais nó aisíocaíocht a fháil i leith aon fhíneálacha arna bhforchur uirthi de bhun Airteagal 6.

2. Chun críche phointe (a) agus phointe (b) de mhír 1, déanfaidh an Coimisiún cinneadh ar bhonn na faisnéise uile atá ar fáil, lena n-áirítear:

- (a) torthaí a mheasúnaithe féin ar an eagraíocht aitheanta lena mbaineann de bhun Airteagal 8(1);
- (b) tuarascálacha arna dtíolacadh ag Ballstáit de bhun Airteagal 10 de Threoir 2009/15/CE;
- (c) anailísí ar thaismí a raibh baint ag longa arna n-aicmiú ag na heagraíochtaí aitheanta leo;

(d) aon atarlú i dtaca leis na heasnamh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 6(1);

(e) a mhéid a dhéantar difear don loingeas in aicme na heagraíochta aitheanta; agus

(f) mí-éifeachtacht na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 6(2).

3. Déanfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Bhallstát, tarraingt siar an aitheantais a chinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(3) agus tar éis dó an deis a thabhairt don eagraíocht aitheanta lena mbaineann a barúlacha a thíolacadh.

Airteagal 8

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an mBallstát a thíolaic an iarraidh ábhartha ar aitheantas, measúnú ar gach eagraíocht aitheanta ar bhonn rialta agus ar a laghad uair sa dá bhliain chun a fhíorú go bhfuil na hoibleagáidí faoin Rialachán seo agus na critéir íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I á gcomhlíonadh acu. Teorannófar an measúnú do ghníomhaíochtaí sin na n-eagraíochtaí aitheanta a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

2. Le linn dó na heagraíochtaí aitheanta a roghnú don mheasúnú, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar fheidhmiúlacht sábháilteachta agus ar fheidhmiúlacht coiscthe truaillithe na heagraíochta aitheanta, ar na taifid ar thaismí agus ar na tuarascálacha arna dtabhairt ar aird ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2009/15/CE.

3. Féadfaidh cuairt ar bhraintí réigiúnacha na n-eagraíochtaí aitheanta a bheith i gceist leis an measúnú, mar aon le cigireacht randamach ar longa, idir longa i seirbhís agus longa atá á dtógáil, chun iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmiúlacht na heagraíochta aitheanta. Sa chás seo, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát ina bhfuil an brainse réigiúnach suite ar an eolas, i gcás inar iomchuí sin. Soláthróidh an Coimisiún tuarascáil do na Ballstáit maidir le torthaí an mheasúnaithe.

4. Ar bhonn bliantúil, déanfaidh gach eagraíocht aitheanta torthaí an athbhreithnithe bainistíochta a dhéanfaidh sí ar a córas cáilíochta a chur ar fáil don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 12(1).

Airteagal 9

1. Áiritheoidh eagraíochtaí aitheanta go mbeidh rochtain ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis is gá chun críocha an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 8(1). Ní fhéadfar aon chlásail chonarthaacha a agairt chun an rochtain sin a shrianadh.

2. Déanfaidh eagraíochtaí aitheanta, ina gconarthaí le húinéirí nó le hoibreoirí loinge chun deimhnithe reachtúla nó deimhnithe aicme a eisiúint do long, a áirithiú go gcuirfear coinníoll ag gabháil leis an eisiúint sin á rá nach gcuirfidh na páirtithe i gcoinne cigirí an Choimisiúin do dhul ar bord na loinge sin chun críocha Airteagal 8(1).

Airteagal 10

1. Rachaidh eagraíochtaí aitheanta i gcomhairle lena chéile go tréimhsiúil d'fhonn coibhéis a chothabháil agus d'fhonn a rialacha agus a nósanna imeachta agus cur chun feidhme na rialacha agus na nósanna imeachta sin a chomhchuíbhiú. Comhoibreoidh siad lena chéile d'fhonn léirmhíniú comhsheasmhach ar na coinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhaint amach, gan dochar do chumhachtaí na mBratstát. Déanfaidh eagraíochtaí aitheanta comhaontú, i gcásanna inar iomchuí sin, maidir leis na coinníollacha teicniúla agus nós imeachta faoina dtabharfaidh siad aitheantas frithpháirteach, ar bhonn caighdeán coibhéiseach, do na deimhnithe aicme d'ábhair, do threalamh agus do chomhpháirteanna, agus na caighdeáin is doichte agus is déine á nglacadh mar shlat tomhais.

I gcás nach féidir, ar chúiseanna tromchúiseacha sábháilteachta, comhaontú a dhéanamh maidir le haitheantas frithpháirteach, déanfaidh na heagraíochtaí aitheanta na cúiseanna atá leis sin a lua go soiléir.

I gcás ina bhfionnfaidh eagraíocht aitheanta, trí chigireacht nó ar shlí eile, nach gcomhlíonann ábhar, píosa trealaimh nó comhpháirt an deimhniú atá ann ina leith, féadfaidh an eagraíocht sin diúltú údarú a thabhairt chun an t-ábhar sin, an píosa trealaimh sin nó an chomhpháirt sin a chur ar bord. Cuirfidh an eagraíocht aitheanta na heagraíochtaí aitheanta eile ar an eolas faoin méid sin láithreach agus luafar na cúiseanna leis an údarú a dhiúltú.

Chun críocha aicmiúcháin, tabharfaidh eagraíochtaí aitheanta aitheantas do dheimhnithe ar threalamh muirí a bhfuil an stiúirmharc orthu i gcomhréir le Treoir 96/98/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 1996 maidir le trealamh muirí⁽¹⁾.

Soláthróidh siad tuarascálacha tréimhsiúla don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le dul chun cinn bunúsach i ndáil le caighdeáin agus maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe d'ábhair, do threalamh agus do chomhpháirteanna.

2. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 17 Meitheamh 2014 ar tuarascáil í a bheidh bunaithe ar staidéar neamhspleách agus a bhainfidh leis an dul chun cinn atá déanta i bpróiseas comhchuíbhithe na rialacha agus na nósanna imeachta agus le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe d'ábhair, do threalamh agus do chomhpháirteanna.

3. Comhoibreoidh na heagraíochtaí aitheanta le lucht riaracháin rialaithe Stáit ar chalafoirt i gcás ina bhfuil long dá n-aicme i gceist, go háirithe chun ceartú easnamh a thuairiscítear nó ceartú neamhréireachtaí eile a éascú.

4. Déanfaidh na heagraíochtaí aitheanta an fhaisnéis ábhartha uile maidir lena loingeas aicmithe agus maidir le haistriú, le hathrú, le fionraí agus le tarraingt siar aicme, gan spleáchas don bhratach atá ar foluain ag na longa, a sholáthar do lucht riarachán na mBallstát uile a bhfuil aon cheann de na húdaruithe dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Threoir 2009/15/CE deonaithe acu agus don Choimisiún.

Déanfar faisnéis maidir le haistriú, le hathrú, le fionraí agus le tarraingt siar aicme, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na suirbhéireachtaí uile atá thar téarma, maidir leis na moltaí uile atá thar téarma, maidir leis na staideanna aicme uile atá thar téarma, maidir leis na coinníollacha oibríochta uile nó leis na srianta oibríochta uile arna n-eisiúint i gcoinne a long aicmithe, gan spleáchas don bhratach atá ar foluain acu, a chur ar aghaidh go leictreonach freisin chuig an gcomhbhunachar sonraí cigireachta a úsáideann na Ballstáit chun Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 i ndáil le Rialú Stát an Chalafoirt⁽²⁾ a chur chun feidhme, agus déanfar amhlaidh an tráth céanna a dtaifeadtar an fhaisnéis sin i gcórais na heagraíochta aitheanta agus, i ngach cás, tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis an teagmhais ba chúis leis an oibleagáid chun an fhaisnéis a chur ar aghaidh. Déanfar an fhaisnéis sin, seachas moltaí agus staideanna aicme nach bhfuil thar téarma, a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na neagraíochtaí aitheanta seo.

5. Ní eiseoidh na heagraíochtaí aitheanta deimhnithe reachtúla do long, gan spleáchas dá bratach, ar long í a díaicmiú nó atá ag athrú a haicme ar chúiseanna sábháilteachta, gan deis a thabhairt do lucht riaracháin inniúil an Bhratstáit a thuairim a nochtadh, laistigh d'am réasúnach, i dtaobh an bhfuil cigireacht iomlán riachtanach.

6. I gcásanna ina ndéantar aicme a aistriú ó eagraíocht aitheanta amháin go ceann eile, déanfaidh an eagraíocht aistritheach, gan aon mhoill mhíchú, comhad iomlán staire na loinge a sholáthar don eagraíocht fála agus, go háirithe, cuirfidh sí í ar an eolas maidir leis na nithe seo a leanas:

- aon suirbhéireachtaí atá thar téarma;
- aon mholtaí agus aon staideanna aicme atá thar téarma;
- coinníollacha oibríochta arna n-eisiúint i gcoinne na loinge; agus
- srianta oibríochta arna n-eisiúint i gcoinne na loinge.

Ní féidir leis an eagraíocht fála deimhnithe nua a eisiúint don long ach amháin go dtí go mbeifear tar éis gach suirbhéireacht atá thar téarma a chríochnú go sásúil agus tar éis gach moladh atá thar téarma nó gach staid aicme arna n-eisiúint roimhe sin i ndáil leis an long a chríochnú de réir mar a bheidh sonraithe ag an eagraíocht aistritheach.

Sula n-eiseofar na deimhnithe, ní mór don eagraíocht fála dáta eisiúna na ndeimhnithe a chur in iúl don eagraíocht aistritheach agus daingniú a thabhairt faoin ngníomh a rinneadh, mar aon le daingniú faoin dáta agus faoin áit a ndearnadh an gníomh, chun gach suirbhéireacht, gach moladh agus gach staid aicme atá thar téarma a leigheas.

⁽¹⁾ IO L 46, 17.2.1997, lch. 25.

⁽²⁾ Níor foilsíodh an Treoir seo i nGaeilge. Maidir leis na leaganacha teanga eile féach IO L 131, 21.4.2009, lch. 57.

Bunóidh eagraíochtaí aitheanta ceanglais chomhchoiteanna iomchuí maidir le cásanna aistrithe aicme i gcás ina bhfuil gá le réamhchúraimí speisialta agus cuirfidh siad na ceanglais sin chun feidhme. Cuimseoidh na cásanna sin, ar a laghad, aistriú aicme i gcás long atá 15 bliana d'aois nó níos mó agus aistriú ó eagraíocht neamhaitheanta chuig eagraíocht aitheanta.

Comhoibreoidh eagraíochtaí aitheanta lena chéile chun forálacha na míre seo a chur chun feidhme go cuí.

Airteagal 11

1. Faoin 17 Meitheamh 2011 déanfaidh eagraíochtaí aitheanta Eintiteas Measúnaithe agus Deimhnithe Cáilíochta neamhspleách a chur ar bun agus a chothabháil i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta idirnáisiúnta is infheidhme, ar eintiteas é ina bhféadfaidh na cumainn ghairmiúla ábhartha atá ag gníomhú sa tionscal loingis a bheith rannpháirteach i gcaíl chomhairleach.

2. Cuirfidh an tEintiteas Measúnaithe agus Deimhnithe Cáilíochta na cúraimí seo a leanas i gcrích:

(a) measúnú, go minic agus go tráthrialta, ar chórais bhainistíochta cáilíochta eagraíochtaí aitheanta, i gcomhréir le critéir i leith chaighdeán cáilíochta ISO 9001;

(b) deimhniú ar chórais bhainistíochta cáilíochta eagraíochtaí aitheanta, lena n-áirítear eagraíochtaí ar iarradh aitheantas ina leith i gcomhréir le hAirteagal 3;

(c) léirmhínte ar chaighdeáin bhainistíochta cáilíochta a aithnítear go hidirnáisiúnta a eisiúint, go háirithe chun gnéithe sonracha de chineál agus d'oibleagáidí eagraíochtaí aitheanta a chur san áireamh; agus

(d) moltaí leithleacha agus moltaí comhpháirteacha a ghlacadh chun próisis agus sásraí inmheánacha rialaithe eagraíochtaí aitheanta a fheabhsú.

3. Beidh an rialachas agus na hinniúlachtaí is gá ag an Eintiteas Measúnaithe agus Deimhnithe Cáilíochta chun gníomhú go neamhspleách ar na heagraíochtaí aitheanta agus beidh na hacmhainní is gá aige chun a dhualgais a chur i gcrích go héifeachtach agus de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde, agus neamhspleáchas na ndaoine a fheidhmíonn na dualgais sin á choimirceáil aige. Déanfaidh an tEintiteas Measúnaithe agus Deimhnithe Cáilíochta a mhodhanna oibre agus a rialacha níos imeachta a leagan síos.

4. Féadfaidh an tEintiteas Measúnaithe agus Deimhnithe Cáilíochta cúnaimh a iarraidh ó chomhlachtaí measúnaithe cáilíochta seachtracha eile.

5. Déanfaidh an tEintiteas Measúnaithe agus Deimhnithe Cáilíochta faisnéis iomlán faoina phlean oibre bliantúil, mar aon le faisnéis iomlán faoina fhionnachtana agus faoina mholtaí, go háirithe faoi theagmhais ina bhféadfaidh sé gur cuireadh sábháilteacht i mbaol, a sholáthar do na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Bratstáit agus an Coimisiún.

6. Déanfaidh an Coimisiún measúnú tréimhsiúil ar an Eintiteas Measúnaithe agus Deimhnithe Cáilíochta.

7. Tuairisceoidh an Coimisiún do na Ballstáit maidir le torthaí a mheasúnaithe agus maidir leis an méid a eascróidh as a mheasúnú.

Airteagal 12

1. Tabharfaidh an Coiste um Fharraigí Sábháilte agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS), a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾, cúnaimh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Trí mhí a bheidh sa tréimhse a leagtar síos in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Airteagal 13

1. Féadfar an Rialachán seo a leasú, gan a raon feidhme a leathnú, chun na critéir íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a uasdátú, agus cinntí ábhartha an IMO, go háirithe, á gcur san áireamh.

Maidir leis na bearta sin atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(4).

2. Féadfar leasuithe ar na coinbhinsiúin idirnáisiúnta a shainmhíneáil in Airteagal 2(b) den Rialachán seo a eisiáil ó raon feidhme an Rialacháin seo, de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002.

⁽¹⁾ IO L 324, 29.11.2002, lch. 1.

Airteagal 14

1. Glacfaidh an Coimisiún agus foilseoidh sé:

- (a) na critéir chun éifeachtacht na rialacha agus na nósanna imeachta, chomh maith le feidhmiúlacht na n-eagraíochtaí aitheanta maidir le sábháilteacht a long aicmithe agus maidir le cosc ar thruailliú óna longa aicmithe, a thomhas agus aird ar leith á tabhairt ar na sonraí arna dtabhairt ar aird le Meabhrán Tuisceana Pháras i ndáil le Rialú Stáit ar Chalafóirt agus/nó le scéimeanna comhchosúla eile; agus
- (b) na critéir ar dá réir a chinnfear cén uair is ceart a mheas gurb ionann an fheidhmiúlacht sin agus bagairt neamh-inghlactha ar shábháilteacht nó ar an gcomhshaol, ar critéir iad lena bhféadfar imthosca sonracha a dhéanann difear d'eagraíochtaí beaga nó d'eagraíochtaí atá thar a bheith speisialaithe a chur san áireamh.

Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(4).

2. Maidir leis na bearta atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú trína fhorlíonadh i ndáil le hAirteagal 6 agus, más iomchuí, Airteagal 7, a chur chun feidhme, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 12(4).

3. Gan dochar do chur i bhfeidhm láithreach na gcritéar íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(3), rialacha a ghlacadh maidir lena léirmhíniú agus féadfaidh sé breithniú a dhéanamh i dtaobh cuspóirí a bhunú i gcomhair na gcritéar ginearálta íosta dá dtagraítear i bpointe 3 de Chuid A d'Iarscríbhinn I.

Airteagal 15

1. Maidir leis na heagraíochtaí sin a mbeidh aitheantas deonaithe dóibh, i gcomhréir le Treoir 94/57/CE, an tráth a

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 23 Aibreán 2009.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
H.-G. PÖTTERING

dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, coinneoidh siad a n-aitheantas, ach sin faoi réir fhorálacha mhír 2.

2. Gan dochar d'Airteagal 5 ná d'Airteagal 7, déanfaidh an Coimisiún athscrúdú, faoin 17 Meitheamh 2010, ar gach aitheantas teoranta arna dheonú faoi Threoir 94/57/CE i bhfianaise Airteagal 4(3) den Rialachán seo d'fhonn a chinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(3), cibé acu a dhéanfar teorainneacha eile a chur in ionad na dteorainneacha atá ann nó a chuirfear deireadh leo. Leanfaidh na teorainneacha d'fheidhm a bheith acu go dtí an tráth a mbeidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún.

Airteagal 16

I gcúrsa an mheasúnaithe de bhun Airteagal 8(1), fíoróidh an Coimisiún gurb é sealbhóir an aitheantais an t-eintiteas dlítheanach ábhartha laistigh den eagraíocht a mbeidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir léi. Murab amhlaidh an cás, déanfaidh an Coimisiún cinneadh lena leasófar an t-aitheantas sin.

I gcás ina leasóidh an Coimisiún an t-aitheantas, déanfaidh na Ballstáit a gcomhaontuithe leis an eagraíocht aitheanta a oiriúnú chun an leasú a chur san áireamh.

Airteagal 17

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas, ar bhonn débhlantúil, faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 18

Déanfar tagairtí do Threoir 94/57/CE i ndlí an Chomhphobail agus sa dlí náisiúnta a fhorléiriú, de réir mar is iomchuí, mar thagairtí arna ndéanamh don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn II.

Airteagal 19

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. NEČAS

IARSCRÍBHINN I

Critéir íosta ar dá réir a gheobhaidh eagraíochtaí aitheantas Comhphobail nó a leanfaidh siad d'aitheantas Comhphobail a theachtadh**(dá dtagraítear in Airteagal 3)**

A. CRITÉIR GHINEARÁLTA ÍOSTA

1. Ní mór pearsantacht dhlítheanach a bheith ag eagraíocht aitheanta sa Stát ina bhfuil sí suite. Deimhneoidh iniúchóirí neamhspleácha a cuntais.
2. Ní mór don eagraíocht aitheanta a bheith in ann a chruthú ar bhonn doiciméad go bhfuil taithí fhairsing aici maidir le measúnú a dhéanamh ar dhearadh agus ar thógáil long ceannaíochta.
3. Ní mór don eagraíocht aitheanta, gach tráth, líon suntasach daoine a bheith aici ar a foireann bhainistíochta, theicniúil, tacaíochta agus taighde, ar líon é atá comhréireach le méid an loingis ina haicme, le comhdhéanamh na heagraíochta agus le méid a rannpháirtíochta i dtógáil agus in oiriúnú long. Ní mór don eagraíocht aitheanta a bheith in ann an acmhainn agus an fhoireann a shannadh chuig gach áit oibre, nuair is gá agus de réir mar is gá, ar acmhainn agus foireann iad atá comhréireach leis na cúraimí a bheidh le cur i gcrích i gcomhréir leis na critéir ghinearálta íosta faoi phointe 6 agus faoi phointe 7 agus i gcomhréir leis na critéir shonracha íosta faoi chuid B.
4. Ní mór don eagraíocht aitheanta a sraith rialacha agus nósanna imeachta cuimsitheacha dílse a bheith aici, agus ní mór di iad a chur i bhfeidhm nó a bheith in ann an cumas chuige sin a léiriú, ar rialacha agus nósanna imeachta iad a bhaineann le dearadh, tógáil agus suirbhéireacht thréimhsiúil long ceannaíochta agus a bhfuil cáilíocht caighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta acu. Ní mór iad a fhoilsiú agus ní mór iad a uasghrádú agus a fheabhsú go leanúnach trí chláir thaighde agus forbartha.
5. Ní mór don eagraíocht aitheanta a chur faoi deara a clár long a fhoilsiú ar bhonn bliantúil nó a chothabháil i mbunachar sonraí leictreonach a bhfuil rochtain ag a bpobal air.
6. Maidir leis an eagraíocht aitheanta, ní mór nach bhfuil sí faoi rialú úinéirí loinge ná tógálaithe loinge, ná daoine eile a ghabhann ar bhonn tráchtála do mhonarú, do threalamhú, do dheisiú nó d'oibriú long. Ní bheidh an eagraíocht aitheanta ag brath go mór ar fhiontar tráchtála amháin dá hioncam. Ní dhéanfaidh an eagraíocht aitheanta obair aicmithe nó obair reachtúil más rud é gurb í féin úinéir nó oibreoir na loinge nó go bhfuil naisc ghnó, naisc phearsanta nó naisc theaghlaigh aici le húinéir nó le hoibreoir na loinge. Beidh feidhm ag an bhforáil seo freisin maidir le suirbhéirí a bheidh fostaithe ag an eagraíocht aitheanta.
7. Ní mór don eagraíocht aitheanta oibriú i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún A.789(19) ón IMO i ndáil le sonraíochtaí maidir le feidhmeanna suirbhéireachta agus deimhnithe eagraíochtaí aitheanta a bheidh ag gníomhú thar ceann an lucht riaracháin, a mhéid a chumhdóidh siad ábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

B. CRITÉIR SHONRACHA ÍOSTA

1. Ní mór don eagraíocht aitheanta cumhdach domhanda a sholáthar trína suirbhéirí eisiacha féin, nó i gcásanna eisceachtúla agus i gcásanna a mbeidh údar cuí leo, trí shuirbhéirí eisiacha eagraíochtaí aitheanta eile.
2. Ní mór an eagraíocht aitheanta a bheith á rialú le cód eitice.
3. Ní mór an eagraíocht aitheanta a bheith á bainistiú agus á riaradh ar shlí ina n-áirithítear rúndacht na faisnéise a éilíonn an lucht riaracháin.
4. Ní mór don eagraíocht aitheanta faisnéis ábhartha a sholáthar don lucht riaracháin, don Choimisiún agus do na páirtithe leasmhara.

5. Déanfaidh an eagraíocht aitheanta, a suirbhéirí agus a foireann theicniúil a gcuid oibre gan dochar a dhéanamh ar bhealach ar bith do chearta maoinne intleachtúla longchlós, soláthraithe trealaimh, agus úinéirí loinge, lena n-áirítear paitinní, ceadúnais, fios gnó nó aon chineál eile eolais a bhfuil cosaint dlí ag a úsáid ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar leibhéal an Chomhphobail nó ar an leibhéal náisiúnta; ní fhéadfaidh an eagraíocht aitheanta ná na suirbhéirí ná an fhoireann theicniúil a fhostaíonn sí, in aon imthosca, agus gan dochar do chumhachtaí measúnaithe na mBallstát agus an Choimisiúin, go háirithe faoi Airteagal 9, aon sonraí atá ábhartha ó thaobh na tráchtála de agus a gheobhaidh siad i gcúrsa a gcuid oibre cigireachta, seiceála agus faireacháin ar longa atá á dtógáil nó á ndeisiú, a scaipeadh nó a nochtadh.
6. Ní mór do lucht bainistíochta na heagraíochta aitheanta a beartas, a cuspóirí agus a tiomantas i leith na cáilíochta a shainiú, agus doiciméadú a dhéanamh ar na nithe sin, agus ní mór dó a áirithiú go dtuigtear an beartas sin, go gcuirtear chun feidhme é agus go ndéantar cothabháil air ar gach leibhéal san eagraíocht aitheanta. Ní mór tagairt a bheith i mbeartas na heagraíochta aitheanta do spriocanna agus do tháscairí feidhmiúlachta maidir le sábháilteacht agus cosc truaillithe.
7. Ní mór don eagraíocht aitheanta a áirithiú:
- (a) go mbunaítear agus go gcothabháiltear a rialacha agus a nósanna imeachta ar mhodh córasach;
 - (b) go gcomhlíontar a rialacha agus a nósanna imeachta agus go gcuirtear córas inmheánach i bhfeidhm chun cáilíocht na seirbhíse a thomhas i ndáil leis na rialacha sin agus leis na nósanna imeachta sin;
 - (c) go bhfuil ceanglais na hoibre reachtúla a údaraítear don eagraíocht aitheanta a dhéanamh á gcomhlíonadh agus go gcuirtear córas inmheánach i bhfeidhm chun cáilíocht na seirbhíse a thomhas i ndáil le comhlíonadh na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta;
 - (d) go sainítear freagrachtaí, cumhachtaí agus idirchaidreamh na foirne a ndéanann a cuid oibre difear do cháilíocht sheirbhísí na heagraíochta aitheanta agus go ndéantar doiciméadú orthu;
 - (e) go gcuirtear an obair uile i gcrích faoi dhálaí rialaithe;
 - (f) go bhfuil córas maoirseachta i bhfeidhm lena ndéantar faireachán ar na gníomhartha agus ar an obair a dhéanann na suirbhéirí agus an fhoireann theicniúil agus riaracháin atá fostaithe ag an eagraíocht aitheanta;
 - (g) go bhfuil eolas fairsing ag na suirbhéirí ar chineál sonracha na loinge a bhfuil a gcuid oibre á déanamh acu uirthi, de réir mar a bheidh sé ábhartha maidir leis an tsuirbhéireacht shonrach atá le déanamh agus maidir leis na ceanglais ábhartha is infheidhme;
 - (h) go ndéantar córas a chur chun feidhme maidir le suirbhéirí a cháiliú agus maidir leis an eolas atá acu a uasdátú go leanúnach;
 - (i) go gcoinnítear taifid a léiríonn go ndearnadh na caighdeáin riachtanacha a bhaint amach sna míreanna a chumhdaíonn na seirbhísí a thugtar, chomh maith le hoibriú éifeachtach an chórais cáilíochta;
 - (j) go ndéantar córas cuimsitheach a chothabháil sna suímh uile maidir le hiniúchtaí inmheánacha ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcáilíocht, ar iniúchtaí iad a phleanáiltear agus a ndéantar doiciméadú orthu;
 - (k) maidir leis na suirbhéireachtaí reachtúla agus na cigireachtaí reachtúla a éilítear leis an gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe agus a n-údaraítear don eagraíocht aitheanta iad a dhéanamh, go ndéantar iad i gcomhréir leis an bhforáil a leagtar amach san Iarscríbhinn agus san Aguisín a ghabhann le Rún A.948(23) ón IMO ar Threoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe;
 - (l) go mbunaítear línte soiléire díreacha freagrachta agus rialaithe idir oifigí lárnacha agus oifigí réigiúnacha na heagraíochta aitheanta agus idir na heagraíochtaí aitheanta agus a suirbhéirí.

8. Ní mór córas cáilíochta inmheánach éifeachtach a bheith forbartha agus curtha chun feidhme ag an eagraíocht aitheanta agus a bheith á chothabháil aici, is córas a bheidh bunaithe ar chodanna iomchuí de na caighdeáin cháilíochta a aithnítear go hidirnáisiúnta agus i gcomhréir le EN ISO/IEC 17020:2004 (comhlachtaí cigireachta) agus le EN ISO 9001:2000 (córais bhainistíochta cáilíochta, ceanglais cháilíochta), arna léiriú agus arna ndeimhniú ag an Eintiteas Measúnaithe agus Deimhnithe Cáilíochta dá dtagraítear in Airteagal 11(1).
 9. Ní mór rialacha agus nósanna imeachta na heagraíochta aitheanta a chur chun feidhme ar shlí ina bhfágтар go leanann an eagraíocht de bheith in ann dearbhú iontaofa oibiachtúil maidir le sábháilteacht na long lena mbaineann a thabhairt, ar dearbhú é a dhíorthaíonn ón eolas atá aici féin go díreach agus óna breithiúnas féin, trí bhíthin deimhnithe aicme ar féidir deimhnithe reachtúla a eisiúint ar a mbonn.
 10. Ní mór don eagraíocht aitheanta an acmhainn riachtanach a bheith aici chun measúnú a dhéanamh, trí úsáid a bhaint as foireann cháilithe ghairmiúil agus, de bhun na bhforálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún A.913(22) ón IMO i ndáil le Treoirínte maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistiú Sábháilteachta (ISM) ag lucht riaracháin, ar chur i bhfeidhm agus ar chothabháil an chórais bainistíochta sábháilteachta, ar tír agus ar bord long araon, arb é an córas é a bheartaítear a chumhdach leis an deimhniú.
 11. Ní mór don eagraíocht aitheanta a cheadú d'ionadaithe an lucht riaracháin agus do pháirtithe leasmhara eile lena mbaineann a bheith rannpháirteach i bhforbairt a rialacha agus a nósanna imeachta.
-

IARSCRÍBHINN II

Tábla Comhghaoil

Treoir 94/57/CE	Treoir 2009/15/CE	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2(a)	Airteagal 2(a)	Airteagal 2(a)
Airteagal 2(b)	Airteagal 2(b)	—
Airteagal 2(c)	Airteagal 2(c)	—
Airteagal 2(d)	Airteagal 2(d)	Airteagal 2(b)
Airteagal 2(e)	Airteagal 2(e)	Airteagal 2(c)
—	Airteagal 2(f)	Airteagal 2(d)
Airteagal 2(f)	Airteagal 2(g)	Airteagal 2(e)
Airteagal 2(g)	Airteagal 2(h)	Airteagal 2(f)
Airteagal 2(h)	Airteagal 2(i)	Airteagal 2(g)
Airteagal 2(i)	Airteagal 2(k)	Airteagal 2(i)
—	Airteagal 2(j)	Airteagal 2(h)
Airteagal 2(j)	Airteagal 2(l)	—
Airteagal 2(k)	—	Airteagal 2(j)
Airteagal 3	Airteagal 3	—
Airteagal 4(1) an chéad abairt	—	Airteagal 3(1)
Airteagal 4(1) an dara habairt	—	Airteagal 3(2)
Airteagal 4(1) an tríú habairt	—	—
Airteagal 4(1) an ceathrú habairt	—	Airteagal 4(1)
—	—	Airteagal 3(3)
—	—	Airteagal 4(2), (3), (4)
—	—	Airteagal 5
—	—	Airteagal 6
—	—	Airteagal 7
Airteagal 5(1)	Airteagal 4(1)	—
Airteagal 5(3)	Airteagal 4(2)	—
Airteagal 6(1), (2), (3), (4)	Airteagal 5(1), (2), (3), (4)	—
Airteagal 6(5)	—	—
Airteagal 7	Airteagal 6	Airteagal 12
Airteagal 8(1) an chéad fhleasc	Airteagal 7(1), pointe (a) den chéad fhomhír	—
Airteagal 8(1) an dara fleasc	—	Airteagal 13(1)
Airteagal 8(1) an tríú fleasc	Airteagal 7(1), pointe (b) den chéad fhomhír	—
—	Airteagal 7(1) an dara fhomhír	Airteagal 13(1) an dara fhomhír
Airteagal 8(2)	Airteagal 7(2)	—
Airteagal 8(2) an dara fhomhír	—	Airteagal 13(2)

Treoir 94/57/CE	Treoir 2009/15/CE	An Rialachán seo
Airteagal 9(1)	—	—
Airteagal 9(2)	—	—
Airteagal 10(1) an fhocláíocht tosaigh	Airteagal 8	—
Airteagal 10(1)(a), (b), (c), (2), (3), (4)	—	—
Airteagal 11(1), (2)	Airteagal 9(1), (2)	—
Airteagal 11(3), (4)	—	Airteagal 8(1), (2)
Airteagal 12	Airteagal 10	—
Airteagal 13	—	—
Airteagal 14	Airteagal 11(1), (2)	—
—	Airteagal 11(3)	—
—	Airteagal 12	—
—		Airteagal 9
Airteagal 15(1)		Airteagal 10(1), (2)
Airteagal 15(2)		Airteagal 10(3)
Airteagal 15(3)	—	Airteagal 10(4)
Airteagal 15(4)		Airteagal 10(5)
Airteagal 15(5)		Airteagal 10(6) an chéad fomhír, an dara fomhír, an tríú fomhír, an cúigiú fomhír
—		Airteagal 10(6) an ceathrú fomhír
Airteagal 16	Airteagal 13	—
Airteagal 17	Airteagal 16	—
—	Airteagal 14	—
—	Airteagal 15	—
		Airteagal 11
		Airteagal 14
		Airteagal 15
		Airteagal 16
		Airteagal 17
		Airteagal 18
		Airteagal 19
Iarscríbhinn		Iarscríbhinn I
	Iarscríbhinn I	
	Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn II

RIALACHÁN (CE) Uimh. 392/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 23 Aibreán 2009

maidir le dliteanas iompróirí paisinéirí de mhuir i gcás tionóiscí

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 80(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ⁽³⁾, i bhfianaise an téacs chomhpháirtigh a d'fhormheas an Coiste Idir réitigh an 3 Feabhra 2009,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Faoi chuimsiú an chomhbheartais iompair, tá gá le bearta breise a ghlacadh d'fhonn sábháilteacht muiriompair a fheabhsú. Ba cheart, maidir leis na bearta sin, go mbeadh rialacha dliteanais san áireamh iontu i leith damáiste a dhéantar do phaisinéirí, ós rud é go bhfuil sé tábhachtach leibhéal cuí cúitimh a áirithiú do phaisinéirí a mbaineann tionóiscí dóibh ar mhuir.
- (2) Rinneadh Prótocal 2002 a ghabhann le Coinbhinsiún na hAithne a bhaineann le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste de Mhuir, 1974, a ghlacadh an 1 Samhain 2002 faoi choimirce na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO). Tá cinneadh á dhéanamh faoi láthair ag an gComhphobal agus ag a Bhallstáit i dtaobh an aontófar don Phrótocal sin nó an ndaingneofar é. In aon chás, maidir lena fhorálacha, a ionchorpraítear leis an Rialachán seo, ba cheart go mbeidh feidhm acu maidir leis an gComhphobal ó thráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2012.
- (3) Is maidir le hiompar idirnáisiúnta amháin atá feidhm ag Coinbhinsiún na hAithne maidir le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste de Mhuir, 1974, arna leasú le Prótocal 2002 ("Coinbhinsiún na hAithne"). Táthar tar éis deireadh a chur leis an idirdhealú idir iompar náisiúnta agus iompar idirnáisiúnta laistigh den mhargadh inmheánach i seirbhísí muiriompair agus, dá bhrí sin, is iomchuí go mbeadh an leibhéal céanna agus an cineál céanna dliteanais i bhfeidhm ar iompar idirnáisiúnta agus ar iompar náisiúnta araon laistigh den Chomhphobal.
- (4) Ní mór go gcuirfeadh na socrúithe árachais a cheanglaítear faoi Choinbhinsiún na hAithne acmhainní airgeadais úinéirí loinge agus cuideachtaí árachais san áireamh. Ní mór d'úinéirí loinge a bheith in ann a socrúithe árachais a bhainistiú ar bhealach atá inghlactha, ó thaobh na heacnamaíochta de, agus ní mór, go háirithe, i gcás cuideachtaí beaga loingseoireachta a oibríonn seirbhísí náisiúnta iompair, cineál séasúrach a n-oibríochtaí a chur san áireamh. Le linn socrúithe árachais a leagan amach faoin Rialachán seo, ba cheart, dá bhrí sin, go ndéanfar na haicmí éagsúla loinge a chur i gcuntas.
- (5) Is cuí iachall a chur ar an iompróir réamhíocaíocht a dhéanamh i gcás báis paisinéara nó díobhála pearsanta do phaisinéirí, i gcás nach ionann an réamhíocaíocht agus dliteanas a aithint.
- (6) Ba cheart faisnéis chúí maidir le cearta arna mbronnadh ar phaisinéirí a thabhairt do na paisinéirí sin roimh a dturas, nó, i gcás nach féidir sin a dhéanamh, tráth a n imeachta ar a dhéanaí.
- (7) Rinne Coiste Dlí an IMO Forchoimeádas agus Treoirlínte an IMO maidir le Coinbhinsiún na hAithne a Chur chun Feidhme ("Treoirlínte an IMO") a ghlacadh an 19 Deireadh Fómhair 2006 d'fhonn díriú ar shaincheisteanna áirithe faoi Choinbhinsiún na hAithne, amhail cúiteamh as damáiste a bhaineann le sceimhlitheoireacht, go háirithe. Dá réir sin, is féidir a mheas gur lex specialis iad Treoirlínte an IMO.
- (8) Leis an Rialachán seo, ionchorpraítear codanna de Threoirlínte an IMO agus tugtar brí cheangailteach dóibh. Chuiige sin, ba cheart, go háirithe, friotal na n-abairtí i dTreoirlínte an IMO ina bhfuil na focail "ba cheart/gur cheart" móide briathar a athrú ionas gurb é an aimsir fháistineach den bhriathar sin atá ann.
- (9) Ba cheart gur i gcomhthéacs reachtaíocht an Chomhphobail a thuigfí forálacha Choinbhinsiún na hAithne (Iarscríbhinn I) agus forálacha Threoirlínte an IMO (Iarscríbhinn II), *mutatis mutandis*.

⁽¹⁾ IO C 318, 23.12.2006. Ich. 195.

⁽²⁾ IO C 229, 22.9.2006. Ich. 38.

⁽³⁾ Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Aibreán 2007 (IO C 74 E, 20.3.2008, Ich. 562), Comhsheasamh ón gComhairle an 6 Meitheamh 2008 (IO C 190 E, 29.7.2008, Ich. 17), Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meán Fómhair 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil), Cinneadh ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 agus Rún Reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Márta 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

- (10) Ba cheart an córas dliteanais dá bhforáiltear leis an Rialachán seo a leathnú de réir a chéile chuig na haicmí éagsúla loinge de réir mar atá leagtha amach in Airteagal 4 de Threoir 98/18/CE ón gComhairle an 17 Márta 1998 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí⁽¹⁾. Ba cheart go ndéanfaí na hiarmhairtí i leith táillí mar aon le cumas an mhargaidh chun cumhdach árachais incheannaithe a fháil ag an leibhéal is gá i gcomhthéacs an chúlra beartais maidir le cearta paisinéirí a neartú, chomh maith le cineál séasúrach cuid den trácht, a chur san áireamh.
- (11) Tagann na hábhair a chumhdaítear le hAirteagal 17 agus le hAirteagal 17a de Choinbhinsiún na hAithne faoi réim inniúlacht eisiach an Chomhphobail sa mhéid go ndéanann na hAirteagail sin dífead do na rialacha a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála⁽²⁾. Sa mhéid sin, beidh an dá fhoráil sin ina gcuid de dhlíchoras an Chomhphobail nuair a aontaíonn an Comhphobal do Choinbhinsiún na hAithne.
- (12) Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart go measfaí gurb é a chiallaíonn an abairt “nó go bhfuil an long cláraithe i mBallstát” ná gur Ballstát nó gur páirtí conarthach i gCoinbhinsiún na hAithne é an bratstát chun críocha cláraithe cairtfhostaithe loim. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún na bearta is gá a ghlacadh chun a iarraidh ar an IMO treoirlínte a fhorbairt maidir leis an gcoincheap a bhaineann le clárú cairtfhostaithe loim.
- (13) Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart go measfaí gurb é a chiallaíonn an abairt “trealamh soghluaisteachta” ná trealamh nach bagáiste ná feithiclí é de réir bhrí Airteagal 8 de Choinbhinsiún na hAithne.
- (14) Maidir leis na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún⁽³⁾.
- (15) Ba cheart, go háirithe, go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a leasú d’fhonn leasuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na coinbhinsiúin idirnáisiúnta, ar na prótacail, ar na cóid agus ar na rúin a bhaineann leis a ionchorprú ann. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, inter alia trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.
- (16) Ba cheart go dtabharfadh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁴⁾, cúnaimh don Choimisiún le linn tuarascáil ar dhul chun cinn a ullmhú agus a dhréachtú maidir le feidhmiú na rialacha arna leagan síos leis an Rialachán seo.
- (17) Tá ról bunúsach agus riachtanach ag na húdaráis náisiúnta, go háirithe na húdaráis chalafoirt, maidir le sainaitheint agus bainistiú na rioscaí éagsúla i ndáil le sábháilteacht mhuirí.
- (18) Tá gealltanas daingean tugtha ag na Ballstáit ina Ráiteas ar Shábháilteacht Mhuirí an 9 Deireadh Fómhair 2008 á rá go dtoileoidh siad, tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2012, a bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Dhliteanais i leith Éileamh Muirí a Theorannú, 1976, arna leasú le Prótocal 1996. Féadfaidh Ballstáit leas a bhaint as an rogha dá bhforáiltear in Airteagal 15(3a) den Choinbhinsiún sin chun rialáil a dhéanamh, trí bhíthin forálacha sonracha de chuid an Rialacháin seo, ar an gcóras teorannaithe dliteanais atá le cur i bhfeidhm maidir le paisinéirí.
- (19) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon sraith amháin rialacha a chruthú lena rialófar cearta iompróirí de mhuir agus a bpaisinéirí i gcás tionóisce, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr a fhairsinge agus a iarmhairtí, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos córas an Chomhphobail maidir le dliteanas agus árachas i leith iompair paisinéirí de mhuir de réir mar a leagtar amach é sna forálacha ábhartha díobh seo a leanas:

- (a) Coinbhinsiún na hAithne a bhaineann le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste de Mhuir, 1974, arna leasú le Prótocal 2002 (“Coinbhinsiún na hAithne”), de réir mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I; agus
- (b) Forchoimeádas agus Treoirlínte an IMO maidir le Cur chun Feidhme Choinbhinsiún na hAithne arna ghlacadh ag Coiste Díl an IMO an 19 Deireadh Fómhair 2006 (“Treoirlínte an IMO”) de réir mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn II.

⁽¹⁾ IO L 144, 15.5.1998, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 12, 16.1.2001, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

⁽⁴⁾ IO L 208, 5.8.2002, lch. 1.

2. Ina theannta sin, leis an Rialachán seo leathnaítear cur i bhfeidhm na bhforálacha sin chuig iompar paisinéirí de mhuir laistigh d'aon Bhallstát amháin ar bord longa Aicme A agus Aicme B faoi Airteagal 4 de Threoir 98/18/CE agus leagtar síos leis ceanglais fhorlíontacha áirithe.

3. Tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2013, déanfaidh an Coimisiún, más cuí, togra reachtach a thíolacadh chun go ndéanfar, inter alia, raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chuig longa Aicme C agus Aicme D faoi Airteagal 4 de Threoir 98/18/CE.

Airteagal 2

Raon feidhme

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haon iompar idirnáisiúnta de réir bhrí phointe 9 d'Airteagal 1 de Choinbhinsiún na hAithne agus maidir le hiompar de mhuir laistigh d'aon Bhallstát amháin, ar bord longa Aicme A agus Aicme B faoi Airteagal 4 de Threoir 98/18/CE, más rud é:

- (a) go bhfuil bratach Ballstáit ar foluain ar an long nó go bhfuil an long cláraithe i mBallstát;
- (b) go ndearnadh an conradh iompair i mBallstát; nó
- (c) gur i mBallstát atá an áit imeachta nó an ceann scríbe, de réir an chonartha.

Féadfaidh Ballstáit an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le gach turas farraige baile.

Airteagal 3

Dlíteanas agus árachas

1. Déanfar an córas dliteanais i leith paisinéirí, a gcuid bagáiste agus a bhfeithiclí, agus na rialacha maidir le hárachas nó le hurrús airgeadais eile, a rialú leis an Rialachán seo, le hAirteagail 1 agus 1a, le hAirteagal 2(2), le hAirteagail 3 go 16, agus le hAirteagail 18, 20 agus 21 de Choinbhinsiún na hAithne a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus le forálacha Threoirlínte an IMO, a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

2. Beidh Treoirlínte an IMO a leagtar amach in Iarscríbhinn II ceangailteach.

Airteagal 4

Cúiteamh i leith trealamh soghluaisteachta nó trealamh shonraigh eile

I gcás ina gcailltear trealamh soghluaisteachta nó trealamh sonrach eile a úsáideann paisinéir atá faoi mhíchumas luaineachta nó i gcás ina ndéantar damáiste do threalamh den sórt sin, déanfar dlíteanas an iompróra a rialú le hAirteagal 3(3) de Choinbhinsiún na hAithne. Beidh an cúiteamh i gcomhréir le luach athsholáthair an trealamh lena mbaineann, nó, más infheidhme, beidh sé i gcomhréir leis na costais a bhaineann le deisiúcháin.

Article 5

Teorannú uilíoch ar dlhiteanas

1. Maidir le cearta nó dualgais an iompróra, nó an iompróra feidhmíthe, faoi reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Dhlhiteanas i leith Éileamh Muirí a Theorannú, 1976, arna leasú le Prótocal 1996, lena n-áirítear aon leasú air amach anseo, a chur chun feidhme, ní mhodhnófar iad leis an Rialachán seo.

Cheal aon reachtaíochta náisiúnta infheidhme den sórt sin, déanfar dlhiteanas an iompróra nó an iompróra feidhmíthe a rialú le hAirteagal 3 den Rialachán seo agus leis an Airteagal sin amháin.

2. Maidir le héilimh i leith báis paisinéara nó díobhála pearsanta do phaisinéir arb é is cúis leis nó léi ná aon cheann de na rioscaí dá dtagraítear i mír 2.2 de Threoirlínte an IMO, féadfaidh an t-iompróir agus an t-iompróir feidhmíthe a ndlíteanas a theorannú de bhun na bhforálacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 6

Réamhíocaíocht

1. I gcás inar teagmhas loingseoireachta is cúis le bás paisinéara nó le díobháil phearsanta do phaisinéir, déanfaidh an t-iompróir a d'fheidhmigh an t-iompar iomlán nó cuid den iompar ar tharla an teagmhas loingseoireachta lena linn réamhíocaíocht a íoc laistigh de 15 lá ón tráth a sainithneofar an duine atá i dteideal damáistí a fháil, ar réamhíocaíocht í a bheidh leordhóthanach chun neasriachtanais eacnamaíoch a chumhdach ar bhonn a bheidh comhréireach leis an damáiste a fulaingíodh. I gcás báis, ní bheidh an íocaíocht seo níos lú ná EUR 21 000.

Beidh feidhm ag an bhforáil seo freisin i gcás an t-iompróir a bheidh bunaithe laistigh den Chomhphobal.

2. Ní ionann réamhíocaíocht agus dlíteanas a aithint agus féadfar í a fhritháireamh i gcoinne aon suimeanna a íocfar ina dhiaidh sin ar bhonn an Rialacháin seo. Ní bheidh sí inaisíochta ach amháin sna cásanna atá leagtha amach in Airteagal 3(1) nó in Airteagal 6 de Choinbhinsiún na hAithne, nó i bhFoscríbhinn A a ghabhann le Treoirlínte an IMO, nó i gcás nach é an duine a fuair í an duine a bhí i dteideal damáistí a fháil.

Airteagal 7

Faisnéis do phaisinéirí

Gan dochar d'oibleagáidí tionscnóirí turas atá leagtha amach i dTreoir 90/314/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 1990 maidir le taisteal láneagraithe, saoire láneagraithe agus turais láneagraithe⁽¹⁾, áiritheoidh an t-iompróir agus/nó an t-iompróir feidhmíthe go soláthrófar faisnéis iomchuí agus shothuigte do phaisinéirí maidir lena gcearta faoin Rialachán seo.

⁽¹⁾ IO L 158, 23.6.1990, lch. 59.

I gcás ina ndéantar an Conradh iompair i mBallstát, soláthrófar an fhaisnéis sin ag gach pointe díola, lena n-áirítear díol a dhéantar le teileafón agus leis an Idirlíon. I gcás ina bhfuil an áit imeachta suite i mBallstát, soláthrófar an fhaisnéis sin roimh imeacht. I ngach cás eile soláthrófar í ag am na himeachta ar a dhéanaí. Sa mhéid go mbeidh an t-iompróir nó an t-iompróir feidhmithe tar éis an fhaisnéis a cheanglaítear a sholáthar faoin Airteagal seo a sholáthar, ní bheidh sé d'oibleagáid ar an bpáirtí eile í a sholáthar. Déanfar an fhaisnéis a sholáthar san fhormáid is cuí.

D'fhonn an ceanglas faisnéise faoin Airteagal seo a chomhlíonadh, déanfaidh an t-iompróir agus an t-iompróir feidhmithe, ar a laghad, an fhaisnéis atá in achoimre ar fhorálacha an Rialacháin seo, arna hullmhú ag an gCoimisiún agus arna poiblíú, a sholáthar do phaisinéirí.

Airteagal 8

Tuairisciú

Tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar tuarascáil í ina ndéanfar, *inter alia*, forbairtí eacnamaíocha agus forbairtí i bhfóram idirnáisiúnta a chur san áireamh.

Féadfar togra maidir leis an Rialachán seo a leasú, nó togra maidir leis an gComhphobal do thabhairt aighneachta os comhair na bhfóram ábhartha idirnáisiúnta, a chur ag gabháil leis an tuarascáil sin.

Airteagal 9

Leasuithe

1. Maidir le bearta atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú agus a bhaineann le leasuithe ar na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 3(1), Airteagal 4a(1), Airteagal 7(1) agus Airteagal 8 de Choinbhinsiún na hAithne a ionchorprú chun cinntí arna nglacadh de bhun Airteagal 23 den Choinbhinsiún sin, agus, chomh maith leis sin, a bhaineann le huasdátú comhfhreagrach ar larscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a chur san áireamh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Rialachán seo.

Agus na hiarmhairtí i leith táillí mar aon le cumas an mhargaidh chun cumhdach árachais incheannaithe a fháil ag an leibhéal is gá i gcomhthéacs an chúlra beartais maidir le cearta paisinéirí a neartú, chomh maith le cineál séasúrach cuid den trácht, á gcur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2016, ar bhonn measúnachta tionchair

oiriúnaí, beart a ghlacadh a bhaineann leis na teorainneacha atá leagtha amach in larscríbhinn I le haghaidh longa Aicme B faoi Airteagal 4 de Threoir 98/18/CE. Maidir leis an mbeart sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Rialachán seo.

2. Maidir le bearta atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú agus a bhaineann le leasuithe ar fhorálacha Threoirlínte an IMO a leagtar amach in larscríbhinn II a ionchorprú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Rialachán seo.

Airteagal 10

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS), a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, cúnaimh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Airteagal 11

Forálacha idirthréimhseacha

1. Maidir le hiompar de mhuir laistigh de Bhallstát amháin ar bord longa Aicme A faoi Airteagal 4 de Threoir 98/18/CE, féadfaidh Ballstáit a roghnú cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí ceithre bliana tar éis dháta a chur i bhfeidhm.

2. Maidir le hiompar de mhuir laistigh de Bhallstát amháin ar bord longa Aicme B faoi Airteagal 4 de Threoir 98/18/CE, féadfaidh Ballstáit a roghnú cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí an 31 Nollaig 2018.

Airteagal 12

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta theacht i bhfeidhm Choinbhinsiún na hAithne don Chomhphobal agus, in aon chás, ó dháta nach déanaí ná an 31 Nollaig 2012.

⁽¹⁾ IO L 324, 29.11.2002, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 23 Aibreán 2009.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
H.-G. PÖTTERING

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. NEČAS

IARSCRÍBHINN I

FORÁLACHA DE CHOINBHINSIÚN NA hAITHNE A BHAINNEANN LE HIOMPAR PAISINÉIRÍ AGUS A gCUID BAGÁISTE DE MHUIR AR FORÁLACHA IAD ATÁ ÁBHARTHA MAIDIR LEIS AN RIALACHÁN SEO A CHUR I bhFEIDHM

(Téacs comhdhlúite Choinbhinsiún na hAithne a bhaineann le hiompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste de Mhuir, 1974, agus Phrótocal 2002 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún)

*Airteagal 1***Sainmhínte**

Sa Choinbhinsiún seo tá an bhrí a shanntar dóibh leis seo ag na habairtí seo a leanas:

- 1) (a) ciallaíonn 'iompróir' duine a bhfuil conradh iompair curtha i gcrích aige nó thar a cheann, cibé acu a dhéanann an duine sin nó iompróir feidhmithe an t-iompar iarbhrí;

(b) ciallaíonn 'iompróir feidhmithe' duine seachas an t-iompróir, arb é is úinéir, cairtghostóir nó oibreoir loinge agus arb é a fheidhmíonn an t-iompar iomlán nó cuid den iompar iarbhrí; agus

(c) ciallaíonn 'iompróir a fheidhmíonn an t-iompar iomlán nó cuid den iompar iarbhrí' an t-iompróir feidhmithe nó, a mhéid a fheidhmíonn an t-iompróir an t-iompar iarbhrí, an t-iompróir;
- 2) ciallaíonn 'conradh iompair' conradh arna dhéanamh ag iompróir nó thar ceann iompróra d'fhonn paisinéir a iompar de mhuir nó d'fhonn paisinéir agus a chuid bagáiste a iompar de mhuir, de réir mar a bheidh;
- 3) ní chiallaíonn 'long' aon long seachas soitheach farraige, gan feithicil aerchúisín a áireamh;
- 4) ciallaíonn 'paisinéir' aon duine a iompraítear ar long:
 - (a) faoi chonradh iompair; nó
 - (b) ar duine é a bhfuil feithicil nó ainmhithe beo á tionlacan nó á dtionlacan aige, le toiliú an iompróra, ar feithicil í nó ar ainmhithe iad a chumhdaítear le conradh chun earraí a iompar nach rialaítear leis an gCoinbhinsiún seo;
- 5) ciallaíonn 'bagáiste' aon earra nó aon fheithicil a iompraíonn an t-iompróir faoi chonradh iompair, gan na nithe seo a leanas a áireamh:
 - (a) earraí agus feithicilí a iompraítear faoi chonradh cairtghostaithe, faoi bhille luchta nó faoi chonradh eile a bhaineann go príomha le hiompar earraí; agus
 - (b) ainmhithe beo;
- 6) ciallaíonn 'bagáiste cábáin' bagáiste atá ag an bpaisinéir ina chábán nó atá ina sheilbh, ina choimeád nó faoina rialú aige ar shlí eile. Ach amháin chun mír 8 den Airteagal seo agus Airteagal 8 a chur i bhfeidhm, foláíonn bagáiste cábáin bagáiste atá ag an bpaisinéir ina fheithicil nó ar a fheithicil;
- 7) foláíonn 'bagáiste a chailleadh nó damáiste a dhéanamh do bhagáiste' cailteanas airgid toisc nár athsheachadadh an bagáiste ar an bpaisinéir laistigh d'am réasúnach tar éis don long ar iompraíodh an bagáiste uirthi nó ar cheart go n-iomprófaí an bagáiste uirthi teacht i dtír, ach ní fholáíonn sé aon mhoill de thoradh ar dhíospóidí saothair;
- 8) cumhdaíonn 'iompar' na tréimhsí seo a leanas:
 - (a) maidir leis an bpaisinéir agus lena bhagáiste cábáin, an tréimhse ar lena linn atá an paisinéir agus/nó a bhagáiste cábáin ar bord na loinge nó i mbun bordála nó díbhordála, agus an tréimhse ar lena linn a iompraítear an paisinéir agus a bhagáiste cábáin ar uisce ó thalamh go dtí an long nó vice-versa, má áirítear costas iompair den sórt sin sa táille nó más rud é gur chuir an t-iompróir an soitheach a úsáideadh don iompar tánaisteach sin ar fáil don paisinéir. Maidir leis an bpaisinéir, áfach, ní fholáíonn iompar an tréimhse ar lena linn atá sé i gcríochfort muirí nó i stáisiún muirí nó ar ché nó in aon suiteáil eile calafoirt nó ar aon suiteáil eile calafoirt;

- (b) maidir le bagáiste cábáin, an tréimhse freisin ar lena linn atá an paisinéir i gcríochfort muirí nó i stáisiún muirí nó ar ché nó in aon suiteáil eile calafoirt nó ar aon suiteáil eile calafoirt más rud é gur ghabh an t-iompróir, nó a sheirbhíseach nó a ghníomhaire, an bagáiste sin chuige féin agus nár athsheachadadh an bagáiste ar an bpaisinéir;
- (c) maidir le bagáiste eile nach bagáiste cábáin é, an tréimhse ón am a ghabh an t-iompróir nó a sheirbhíseach nó a ghníomhaire ar tír nó ar bord an bagáiste sin chuige féin go dtí an t-am ar athsheachaid an t-iompróir nó a sheirbhíseach nó a ghníomhaire é;
- 9) ciallaíonn ‘iompar idirnáisiúnta’ aon iompar arb amlaidh ina leith, de réir an chonartha iompair, go bhfuil an áit imeachta agus an ceann scríbe lonnaithe in dhá Stát éagsúla, nó in aon Stát amháin más rud é, de réir an chonartha iompair nó de réir an chúrsa taistil sceidealta, go bhfuil calafort idirmheánach cuarda ann i Stát eile;
- 10) ciallaíonn ‘Eagraíocht’ an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta;
- 11) ciallaíonn ‘Ard-Rúnaí’ Ard-Rúnaí na hEagraíochta.

Airteagal 1a

Iarscríbhinn

Beidh an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo ina cuid dhális den Choinbhinsiún.

Airteagal 2

Feidhm

1. [...] (*)
2. D’ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, ní bheidh feidhm ag an gCoinbhinsiún seo nuair a bheidh an t-iompar, faoi aon choinbhinsiún idirnáisiúnta eile maidir le paisinéirí nó bagáiste a iompar ar mhodh iompair eile, faoi réir córais dliteanais shibhialta faoi fhorálacha coinbhinsiúin den sórt sin, a mhéid a bheidh feidhm shainordaitheach ag na forálacha sin maidir le hiompar de mhuir.

Airteagal 3

Dlíteanas an iompróra

1. Maidir leis an gcaillteanas a fhulaingítear de thoradh ar bhás paisinéara nó ar dhíobháil phearsanta do phaisinéir ar theagmhas loingseoireachta ba chúis leis an mbás sin nó leis an díobháil sin, beidh an t-iompróir faoi dhlíteanas go feadh an méid nach rachaidh an cailteanas sin i leith an phaisinéara sin thar 250 000 aonad cuntais ar gach ócáid ar leith, mura rud é go gcruthóidh an t-iompróir:

- (a) gur tharla an teagmhas de thoradh ar ghníomh cogaidh, ar chogaíocht, ar chogadh cathartha, ar éirí amach nó ar fheiniméan nádúrtha de chineál eisceachtúil, dosheachanta agus dochoiscthe;
- (b) gurbh é an t-aon chúis amháin a bhí leis an teagmhas ná gníomh nó neamhghníomh de chuid tríú páirtí le hintinn go mbeadh sé ina chúis leis an teagmhas.

Má théann an cailteanas thar an teorainn thuas, agus a mhéid a théann sé thairsti, beidh an t-iompróir faoi dhlíteanas breise mura rud é go gcruthóidh an t-iompróir, maidir leis an teagmhas ba chúis leis an gcaillteanas, gur tharla sé gan locht nó faillí a bheith ann ar thaobh an iompróra.

2. Maidir leis an gcaillteanas a fhulaingítear de thoradh ar bhás paisinéara nó ar dhíobháil phearsanta do phaisinéir agus nach teagmhas loingseoireachta ba chúis leis an mbás sin nó leis an díobháil sin, beidh an t-iompróir faoi dhlíteanas ina leith má tharla an teagmhas ba chúis leis an gcaillteanas de thoradh ar locht nó ar fhaillí ar thaobh an iompróra. Beidh an dualgas ar an éilitheoir locht nó faillí a chruthú.

3. Maidir leis an gcaillteanas a fhulaingítear de thoradh ar bhagáiste cábáin a chailleadh nó ar dhamáiste do bhagáiste cábáin, beidh an t-iompróir faoi dhlíteanas ina leith más mar gheall ar locht nó faillí ar thaobh an iompróra a tharla an teagmhas ba chúis leis an gcaillteanas. Toimhdeofar locht nó faillí ar thaobh an iompróra i gcás cailteanais ar teagmhas loingseoireachta is cúis leis.

4. Maidir leis an gcaillteanas a fhulaingítear de thoradh ar bhagáiste, seachas bagáiste cábáin, a chailleadh nó ar dhamáiste do bhagáiste seachas bagáiste cábáin, beidh an t-iompróir faoi dhlíteanas ina leith mura rud é go gcruthóidh an t-iompróir gur tharla an teagmhas ba chúis leis an gcaillteanas gan locht nó faillí a bheith ann ar thaobh an iompróra.

5. Chun críocha an Airteagail seo:

- (a) ciallaíonn ‘teagmhas loingseoireachta’ longbhriseadh, iompú na loinge, imbhuailadh na loinge nó tráchur na loinge, pléascadh nó dóiteán ar an long nó fabht ar an long;
- (b) foláíonn ‘locht nó faillí ar thaobh an iompróra’ locht nó faillí ar thaobh sheirbhísigh an iompróra, ag gníomhú dóibh laistigh de raon feidhme a bhfostaíochta;

(*) Gan atáirgeadh.

(c) ciallaíonn ‘fabht ar an long’ aon mhífheidhm, aon chliseadh nó aon neamhchomhlíonadh i ndáil leis na rialacháin sábháilteachta infheidhme i leith aon chuid den long nó de threalamh na loinge nuair a úsáidtear an céanna chun ligean do phaisinéirí éalú, aslonnú, bordáil agus díbhordáil, nó nuair a úsáidtear an céanna do thiomáint, do stiúradh, do loingseoireacht shábháilte, d’fheistiú, do chur ar ancaire, do theacht chuig leaba báid nó d’imeacht aisti, nó do theacht chuig ancaireacht nó d’imeacht aisti nó do rialú damáiste tar éis tuile; nó nuair a úsáidtear an céanna chun fearais sábhála anama a lainseáil; agus

(d) ní fholóidh ‘caillteanas’ damáistí pionósacha ná damáistí eiseamláireacha.

6. Ní bhaineann dliteanas an iompróra faoin Airteagal seo ach le cailteanas a éiríonn as teagmhais a tharla i gcúrsa an iompair. Beidh an dualgas ar an éilitheoir a chruthú gur i gcúrsa an iompair a tharla an teagmhas ba chúis leis an gcaillteanas agus beidh an dualgas air méid an chaillteanais a chruthú.

7. Ní dhéanfaidh aon ní sa Choinbhinsiún seo dochar do cheart cúlraigh an iompróra i gcoinne aon tríú páirtí, ná do chosaint ar bhonn faillí rannpháirtí faoi Airteagal 6 den Choinbhinsiún seo. Ní dhéanfaidh aon ní san Airteagal seo dochar d’aon cheart chun teorannaithe faoi Airteagal 7 nó Airteagal 8 den Choinbhinsiún seo.

8. Ní dhéanfaidh toimhdí lochta nó faillí ar thaobh páirtí nó dáileadh an dualgais cruthúnais chuig páirtí cosc a chur le breithniú a dhéanamh ar fhianaise i bhfabhar an pháirtí sin.

Airteagal 4

Iompróir feidhmithe

1. Má cuireadh feidhmiú an iompair nó cuid de faoi chúram iompróra feidhmithe, beidh an t-iompróir fós faoi dhliteanas i leith an iompair uile de réir fhorálacha an Choinbhinsiúin seo. Ina theannta sin, beidh an t-iompróir feidhmithe faoi réir agus i dteideal fhorálacha an Choinbhinsiúin seo don chuid sin den iompar a fheidhmíonn sé.

2. I ndáil leis an iompar a fheidhmíonn an t-iompróir feidhmithe, beidh an t-iompróir faoi dhliteanas i leith ghníomhartha agus neamhghníomhartha an iompróra feidhmithe agus a sheirbhíseach agus a ghníomhairí ag gníomhú dóibh laistigh de raon feidhme a bhfostaíochta.

3. Ní dhéanfaidh aon chomhaontú speisialta faoina nglacfaidh an t-iompróir oibleagáidí chuige féin ar oibleagáidí iad nach bhforchuirtear leis an gCoinbhinsiún seo ná ní dhéanfaidh aon tarscaoileadh ceart a thugtar leis an gCoinbhinsiún seo difear don iompróir feidhmithe ach amháin má aontaíonn sé leis sin go sainráite agus i scríbhinn.

4. I gcás ina mbeidh, agus a mhéid a bheidh, an t-iompróir agus an t-iompróir feidhmithe faoi dhliteanas, is comhdhliteanas agus dliteanas leithleach a ndliteanas.

5. Ní dhéanfaidh aon ní san Airteagal seo dochar d’aon cheart cúlraigh amhail idir an t-iompróir agus an t-iompróir feidhmithe.

Airteagal 4a

Árachas éigeantach

1. I gcás ina n-iompraítear paisinéirí ar bord loinge atá cláraithe i Stát is Páirtí agus atá ceadúnaithe chun níos mó ná dhá phaisinéir déag a iompar, agus i gcás ina bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún seo, déanfaidh aon iompróir a fheidhmíonn an t-iompar ina iomláine nó cuid de iarbhír árachas nó urrús airgeadais eile, amhail ráthaíocht ó bhanc nó ó fhoras airgeadais den tsamhail chéanna, a choimeád chun dliteanas faoin gCoinbhinsiún seo a chumhdach i leith báis paisinéirí agus i leith díobhála pearsanta do phaisinéirí. Ní bheidh teorainn an árachais éigeantaigh nó an urrúis airgeadais eile níos lú ná 250 000 aonad cuntais in aghaidh an phaisinéara ar gach ócáid ar leith.

2. Déanfar deimhniú á fhianú go bhfuil árachas nó urrús airgeadais eile i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin seo a eisiúint chuig gach long tar éis d’údarás iomchuí Stáit is Páirtí a chinneadh go bhfuil ceanglais mhír 1 comhlíonta. Maidir le long atá cláraithe i Stát is Páirtí, eiseoidh nó deimhneoidh údarás iomchuí an Stáit ina bhfuil an long cláraithe deimhniú den sórt sin; maidir le long nach bhfuil cláraithe i Stát is Páirtí, féadfaidh údarás iomchuí aon Stáit is Páirtí an deimhniú a eisiúint nó a dheimhniú. Beidh an deimhniú sin i bhfoirm na samhla a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo agus beidh na sonraí seo a leanas ann:

(a) ainm na loinge, uimhir shainiúil nó litreacha sainiúla agus calafort an chláráithe;

- (b) ainm agus príomhionad gnó an iompróra a fheidhmíonn iarbhir an t-iompar iomlán nó cuid den iompar;
- (c) uimhir aitheantais loinge an IMO;
- (d) cineál agus ré an urrúis;
- (e) ainm agus príomhionad gnó an árachóra nó an duine eile a sholáthraíonn urrús airgeadais agus, i gcás inar iomchuí, an t-ionad gnó ina bhfuil an t-árachas nó an t-urrús airgeadais eile bunaithe; agus
- (f) tréimhse bailíochta an deimhnithe, nach mbeidh níos faide ná tréimhse bailíochta an árachais nó an urrúis airgeadais eile.
3. (a) Féadfaidh Stát is Páirtí institiúid nó eagraíocht atá aitheanta aige a údarú chun an deimhniú a eisiúint. Cuirfidh an institiúid nó an eagraíocht sin an Stát sin ar an eolas faoi gach deimhniú a eisítear. I ngach cás, déanfaidh an Stát is Páirtí iomláine agus cruinneas an deimhnithe arna eisiúint amhlaidh a ráthú go hiomlán, agus gabhfaidh sé air féin na socruithe riachtanacha a áirithiú chun an oibleagáid sin a shásamh.
- (b) Cuirfidh Stát is Páirtí an méid seo a leanas in iúl don Ard-Rúnaí:
- (i) freagrachtaí sonracha agus coinníollacha sonracha an údaráis arna tharmligean chuig institiúid nó chuig eagraíocht atá aitheanta aige;
- (ii) tarraingt siar údaráis den sórt sin; agus
- (iii) an dáta óna mbeidh éifeacht le húdarás den sórt sin nó le tarraingt siar údaráis den sórt sin.
- Ní bheidh éifeacht le húdarás a tharmligear go dtí trí mhí ón dáta ar tugadh fógra ina leith sin don Ard-Rúnaí.
- (c) Maidir leis an institiúid nó an eagraíocht dá n-údarófar deimhnithe a eisiúint i gcomhréir leis an mír seo, beidh sí, ar a laghad, údaraithe chun na deimhnithe sin a tharraingt siar mura gcomhlíontar na coinníollacha faoinar eisíodh iad. I ngach cás, déanfaidh an institiúid nó an eagraíocht tarraingt siar den sórt sin a thuirisciú don Stát ar eisíodh an deimhniú thar a cheann.
4. Beidh an deimhniú i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Stáit eisiúna. Murab é an Béarla, an Fhraincis nó an Spáinnis an teanga a úsáidtear, folóidh an téacs aistriúcháin go ceann amháin de na teangacha sin, agus, i gcás ina gcinneadh an Stát amhlaidh, féadfar teanga oifigiúil an Stáit a fhágáil ar lár.
5. Iomprófar an deimhniú ar bord na loinge, agus taiscfear cóip leis na húdaráis a choimeádann an taifead ar chláru na loinge nó, mura bhfuil an long cláraithe i Stát is Páirtí, taiscfear cóip le húdarás an Stáit a eisíonn nó a dheimhníonn an deimhniú.
6. Ní shásóidh árachas nó urrús airgeadais eile ceanglais an Airteagail seo más amhlaidh go bhféadfadh sé scor, ar chúiseanna seachas tréimhse bailíochta an árachais nó an urrúis a shonraítear sa deimhniú do dhul in éag, sula mbeidh trí mhí caite ón dáta a dtugtar fógra faoina fhoirceannadh do na húdaráis dá dtagraítear i mír 5, mura rud é gur tugadh suas an deimhniú do na húdaráis sin nó gur eisíodh deimhniú nua laistigh den tréimhse sin. Beidh an fheidhm chéanna ag na forálacha sin roimhe seo maidir le haon mhodhnú arb é a leanann as ná nach sásaíonn an t-árachas nó an t-urrús airgeadais eile ceanglais an Airteagail seo a thuilleadh.
7. Faoi réir fhorálacha an Airteagail seo, déanfaidh an Stát a bhfuil an long cláraithe ann coinníollacha eisiúna agus bailíochta an deimhnithe a chinneadh.
8. Ní fhorléireofar aon ní sa Choinbhinsiún seo ar shlí ina gcuirfear cosc ar Stát is Páirtí a bheith ag brath ar fhaisnéis a fhaightear ó Stáit eile nó ón Eagraíocht nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus a bhaineann le seasamh airgeadais soláthróirí árachais nó urrúis airgeadais eile chun críocha an Choinbhinsiúin seo. I gcásanna den sórt sin, ní dhéantar an Stát is Páirtí atá ag brath ar fhaisnéis den sórt sin a fhuascailt óna fhreagracht mar Stát a eisíonn an deimhniú.

9. Maidir le deimhnithe arna n-eisiúint nó arna ndeimhniú faoi údarás Stáit is Páirtí, glacfaidh Stáit eile is Páirtithe leo chun críocha an Choinbhinsiúin seo agus measfaidh Stáit eile is Páirtithe ina leith go bhfuil an fheidhm chéanna acu atá ag deimhnithe arna n-eisiúint nó arna ndeimhniú acu féin, fiú más rud é gur eisíodh nó gur deimhníodh iad i leith loinge nach bhfuil cláraithe i Stát is Páirtí. Féadfaidh Stát is Páirtí comhairliúchán leis an Stát eisiúna nó leis an Stát deimhnithe a iarraidh tráth ar bith i gcás ina gcreideann sé nach bhfuil an acmhainneacht airgeadais ag an árachóir nó ag an ráthóir arna ainmniú ar an deimhniú árachais chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an gCoinbhinsiún seo a chomhlíonadh.

10. Féadfar aon éileamh ar chúiteamh a chumhdaítear le hárachas nó le hurrús airgeadais eile de bhun an Airteagail seo a dhéanamh go díreach i gcoinne an árachóra nó i gcoinne duine eile a sholáthraíonn urrús airgeadais. Sa chás sin, is é an méid a leagtar amach i mír 1 a mbeidh feidhm aige mar theorainn ar dhliteanas an árachóra nó an duine eile a sholáthraíonn urrús airgeadais fiú mura bhfuil an t-iompróir nó an t-iompróir feidhmithe i dteideal teorann dliteanas. Féadfaidh an cosantóir agairt a dhéanamh thairis sin i leith na gcosaintí (seachas féimheacht nó foirceannadh) a mbeadh an t-iompróir dá dtagraítear in mír 1 i dteideal agairt a dhéanamh ina leith i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún seo. Fairis sin, féadfaidh an cosantóir agairt a dhéanamh i leith na cosanta gur de thoradh ar mhí-iompar toiliúil an áracháí a tharla an damáiste ach ní dhéanfaidh an cosantóir agairt i leith aon chosanta eile a bhféadfadh an cosantóir a bheith i dteideal agairt a dhéanamh ina leith in imeachtaí arna dtionscnamh ag an áracháí i gcoinne an chosantóra. Beidh sé de cheart ag an gcosantóir ar scor ar bith a cheangal go ndéanfar an t-iompróir agus an t-iompróir feidhmithe a uamadh sna himeachtaí.

11. Maidir le haon suimeanna a sholáthraítear trí árachas nó urrús airgeadais eile arna choimeád i gcomhréir le mír 1, beidh siad ar fáil go heisiach chun éilimh faoin gCoinbhinsiún seo a shásamh agus glanfaidh aon íocaíocht i leith suimeanna den sórt sin aon dliteanas a éiríonn faoin gCoinbhinsiún seo go feadh mhéid na méideanna a íoctar.

12. Ní cheadóidh Stát is Páirtí do long a bhfuil a bhritach ar foluain aici agus a bhfuil feidhm ag an Airteagal seo maidir léi oibriú tráth ar bith mura mbeidh deimhniú eisithe faoi mhír 2 nó faoi mhír 15.

13. Faoi réir fhorálacha an Airteagail seo, áiritheoidh gach Stát is Páirtí faoina dhlí náisiúnta go bhfuil árachas nó urrús airgeadais eile i bhfeidhm, go feadh an méid a shonraítear i mír 1, i leith aon loinge atá ceadúnaithe chun níos mó ná dhá phaisinéir déag a iompar, is cuma cén áit ina bhfuil sí cláraithe, ar dhul isteach in aon chalafort ina chríoch di nó ar fhágáil aon chalafóirt ina chríoch di a mhéid atá feidhm ag an gCoinbhinsiún seo.

14. D'ainneoin fhorálacha mhír 5, féadfaidh Stát is Páirtí a chur in iúl don Ard-Rúnaí nach gceanglaítear ar longa, chun críocha mhír 13, an deimhniú a éilítear le mír 2 a iompar ar bord ná a thabhairt ar aird ar dhul isteach i gcalafóirt ina chríoch dóibh nó ar fhágáil calafort ina chríoch dóibh, ar choinníoll go gcuirfidh an Stát is Páirtí a eisiúint an deimhniú in iúl don Ard-Rúnaí go gcoimeádan sé taifid i bhformáid leictreonach, ar taifid iad atá ar fáil do gach Stát is Páirtí, á fhianú gurb ann don deimhniú agus á chumasú do Stáit is Páirtithe a gcuid oibleagáidí faoi mhír 13 a chomhlíonadh.

15. Más rud é nach gcoimeádtar árachas nó urrús airgeadais eile i leith loinge atá faoi úinéireacht Stáit is Páirtí, ní bheidh forálacha an Airteagail seo a bhaineann leis sin infheidhme maidir leis an long sin, ach déanfar deimhniú arna eisiúint ag údarás iomchuí an Stáit ina bhfuil an long cláraithe a iompar ar an long ar deimhniú é ina luafar gurb é an Stát sin úinéir na loinge agus go bhfuil an dliteanas cumhdaithe laistigh den mhéid a fhorordaítear i gcomhréir le mír 1. Cloifidh deimhniú den sórt sin chomh daingean agus is féidir leis an tsamhail a fhorordaítear le mír 2.

Airteagal 5

Earraí Luachmhara

Ní bheidh an t-iompróir faoi dhliteanas as cailleadh airgid, urrús inaistrithe, óir, earraí airgid, seodra, ornáidí, saothar ealaíne, nó earraí luachmhara eile ná as damáiste dóibh, seachas i gcás inar taisceadh earraí luachmhara den sórt sin leis an iompróir chun críche a comhaontaíodh, is é sin, iad a shlánchoimeád, agus sa chás sin beidh an t-iompróir faoi dhliteanas suas go dtí an teorainn dá bhforáiltear i mír 3 d'Airteagal 8 mura rud é go gcomhaontaítear teorainn níos airde i gcomhréir le mír 1 d'Airteagal 10.

Airteagal 6

Locht rannpháirteach

Má chruthaíonn an t-iompróir gur locht nó faillí ar thaobh an phaisinéara ba chúis le bás an phaisinéara sin nó le díobháil phearsanta don phaisinéir sin nó le cailleadh a bhagáiste nó le damáiste dá bhagáiste, nó gur rannchuidigh locht nó faillí ar thaobh an phaisinéara leis na nithe sin, féadfaidh an Chúirt ar os a comhair atá an cás an t-iompróir a shaoradh go hiomlán nó go páirteach óna dhliteanas i gcomhréir le forálacha dhlí na cúirte sin.

*Airteagal 7***Teorainn ar dhliteanas as bás agus as díobháil phearsanta**

1. Ní bheidh dliteanas an iompróra faoi Airteagal 3 as bás paisinéara nó as díobháil phearsanta do phaisinéir níos mó, in aon chás, ná 400 000 aonad cuntais in aghaidh an phaisinéara ar gach ócáid ar leith. Más rud é, i gcomhréir le dlí na cúirte ar os a comhair atá an cás, go ndámhfar damáistí i bhfoirm íocaíochtaí tréimhsiúla ioncaim, ní rachaidh luach caipitiúil coibhéiseach na n-íocaíochtaí sin thar an teorainn sin.

2. Féadfaidh Stát is Páirtí rialáil a dhéanamh, trí fhorálacha sonracha de chuid an dlí náisiúnta, ar an teorainn ar dhliteanas a fhorordaítear i mír 1, ar choinníoll nach bhfuil an teorainn náisiúnta ar dhliteanas, más ann, níos ísle ná an teorainn a fhorordaítear i mír 1. Déanfaidh Stát is Páirtí a bhaineann leas as an rogha dá bhforáiltear sa mhír seo an tArd-Rúnaí a chur ar an eolas faoin teorainn ar dhliteanas a ghlactar nó cuirfidh sé ar an eolas é i dtaobh nach ann d'aon teorainn den sórt sin.

*Airteagal 8***Teorainn ar dhliteanas as cailleadh bagáiste agus feithiclí nó as damáiste do bhagáiste agus d'fheithiclí**

1. Ní rachaidh dliteanas an iompróra, as cailleadh bagáiste cábáin nó as damáiste do bhagáiste cábáin, thar 2 250 aonad cuntais, in aon chás, in aghaidh an phaisinéara, agus in aghaidh an iompair.

2. Ní rachaidh dliteanas an iompróra as cailleadh feithiclí nó as damáiste d'fheithiclí, lena n-áirítear gach bagáiste a iompraítear san fheithicil nó ar an bhfeithicil, thar 12 700 aonad cuntais, in aon chás, in aghaidh an phaisinéara, agus in aghaidh an iompair.

3. Ní rachaidh dliteanas an iompróra as cailleadh bagáiste nó as damáiste do bhagáiste, seachas bagáiste a luaitear i mír 1 agus i mír 2, thar 3 375 aonad cuntais, in aon chás, in aghaidh an phaisinéara, agus in aghaidh an iompair.

4. Féadfaidh an t-iompróir agus an paisinéir a chomhaontú go mbeidh dliteanas an iompróra faoi réir asbhaintigh nach mó ná 330 aonad cuntais i gcás damáiste d'fheithicil agus nach mó ná 149 n-aonad cuntais in aghaidh an phaisinéara i gcás ina gcailltear bagáiste eile nó ina ndéantar damáiste do bhagáiste eile, agus asbhainfean an tsuim sin ón gcaillteanas nó ón damáiste.

*Airteagal 9***Aonad Cuntais agus comhshó**

1. Is é atá san Aonad Cuntais a luaitear sa Choinbhinsiún seo ná an Ceart Tarraingthe Speisialta mar atá sainmhínithe ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Déanfar na méideanna a luaitear in Airteagal 3, mír 1, in Airteagal 4a, mír 1, in Airteagal 7, mír 1 agus in Airteagal 8 a chomhshó in airgeadra náisiúnta Stát na cúirte ar os a comhair atá an cás ar bhonn luach an airgeadra sin faoi threoir an Chirt Tarraingthe Speisialta ar dháta an bhreithiúnais nó ar an dáta arna chomhaontú ag na páirtithe. Déanfar luach airgeadra náisiúnta Stáit is Páirtí atá ina chomhalta den Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, i dtéarmaí an Chirt Tarraingthe Speisialta, a ríomh i gcomhréir leis an modh luachála arna chur i bhfeidhm ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus atá in éifeacht ar an dáta a bheidh i gceist dá chuid oibríochtaí agus dá chuid idirbheart. Déanfar luach airgeadra náisiúnta Stáit is Páirtí nach comhalta é den Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, i dtéarmaí an Chirt Tarraingthe Speisialta, a ríomh ar bhealach a chinnfidh an Stát sin is Páirtí.

2. Ach ar a shon sin, maidir le Stát nach comhalta é den Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus nach gceadaítear lena dlí forálacha mhír 1 a chur i bhfeidhm, féadfaidh sé, tráth daingnithe an Choinbhinsiúin seo, tráth a ghlactha, tráth a fhorghaistea nó tráth aontachais leis nó tráth ar bith ina dhiaidh sin, a dhearbhu go mbeidh an tAonad Cuntais dá dtagraítear i mír 1 cothrom le 15 franc óir. Comhfhreagraíonn an franc óir dá dtagraítear sa mhír seo do chúig mhilleagram go leith is seasca d'ór ag a bhfuil fineáltacht naoi gcéad as an míle. Maidir le comhshó an franc óir in airgeadra náisiúnta, déanfar é de réir dlí an Stáit lena mbaineann.

3. Déanfar an ríomh a luaitear san abairt dheireanach de mhír 1 agus an comhshó a luaitear i mír 2 ar shlí ina léireofar, in airgeadra náisiúnta na Stáit is Páirtí, a mhéid is féidir, an fíorluach céanna do na méideanna in Airteagal 3, mír 1, in Airteagal 4a, mír 1, in Airteagal 7, mír 1 agus in Airteagal 8 agus a bheadh ann de thoradh ar na chéad trí abairt de mhír 1 a chur i bhfeidhm. Déanfaidh na Stáit an modh ríomha de bhun mhír 1 nó toradh an chomhshó i mír 2, de réir mar a bheidh, a chur in iúl don Ard-Rúnaí tráth taiscthe ionstraimhe daingniúcháin, glactha nó formheasta an Choinbhinsiúin seo, nó tráth taiscthe ionstraimhe aontachais leis, agus aon uair a tharlaíonn athrú ar aon cheann díobh.

*Airteagal 10***Forálacha forlíontacha maidir le teorainneacha ar dhliteanas**

1. Féadfaidh an t-iompróir agus an paisinéir teorainneacha dliteanaís is airde ná na teorainneacha a fhorordaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 a chomhaontú go sainráite agus i scríbhinn.
2. Ní bheidh ús ar dhamáistí ná costais dlí san áireamh sna teorainneacha ar dhliteanas a fhorordaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8.

*Airteagal 11***Cosaintí agus teorainneacha do sheirbhísigh iompróirí**

Má thionscnaítear caingean i gcoinne seirbhísigh nó gníomhaire de chuid an iompróra nó an iompróra feidhmithe, ar caingean í a éiríonn as damáiste a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún seo, beidh an seirbhíseach nó an gníomhaire sin, má chruthaíonn sé gur ghníomhaigh sé laistigh de raon feidhme a fhostaíochta, i dteideal leas a bhaint as na cosaintí agus as na teorainneacha ar dhliteanas a bhfuil teideal ag an iompróir nó ag an iompróir feidhmithe agairt a dhéanamh ina leith faoin gCoinbhinsiún seo.

*Airteagal 12***Éilimh a chomhiomlánú**

1. I gcás ina dtiocfaidh na teorainneacha ar dhliteanas a fhorordaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 i bhfeidhm, beidh feidhm acu maidir le comhiomlán na méideanna is inghnóthaithe i ngach éileamh a éiríonn as bás aon phaisinéara aonair nó as díobháil phearsanta d'aon phaisinéir aonair nó as cailleadh a bhagáiste nó as damáiste dá bhagáiste.
2. Maidir leis an iompar a fheidhmíonn an t-iompróir feidhmithe, ní rachaidh comhiomlán na méideanna is inghnóthaithe ón iompróir agus ón iompróir feidhmithe agus óna seirbhísigh agus óna ngníomhairí, ag gníomhú dóibh laistigh de raon feidhme a bhfostaíochta, thar an méid is airde a d'fhéadfaí a dhámhachtain i gcoinne an iompróra nó i gcoinne an iompróra feidhmithe faoin gCoinbhinsiún seo, ach ní bheidh aon duine de na daoine atá luaite faoi dhliteanas as suim de bhreis ar an teorainn is infheidhme maidir leis.
3. In aon chás ina bhfuil seirbhíseach nó gníomhaire de chuid an iompróra nó an iompróra feidhmithe i dteideal, faoi Airteagal 11 den Choinbhinsiún seo, leas a bhaint as na teorainneacha ar dhliteanas a fhorordaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8, ní rachaidh comhiomlán na méideanna is inghnóthaithe ón iompróir nó ón iompróir feidhmithe, de réir mar a bheidh, agus ón seirbhíseach sin nó ón gníomhaire sin, thar na teorainneacha sin.

*Airteagal 13***Cailleadh an chirt chun dliteanas a theorannú**

1. Ní bheidh an t-iompróir i dteideal leas a bhaint as na teorainneacha ar dhliteanas a fhorordaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 agus i mír 1 d'Airteagal 10 má chruthaítear gur eascair an damáiste as gníomh nó as neamhghníomh an iompróra arna dhéanamh le hintinn chun damáiste den sórt sin a chruthú nó arna dhéanamh go meargánta agus ar an eolas gur dhóigh go n-eascródh an damáiste sin as.
2. Ní bheidh seirbhíseach nó gníomhaire an iompróra ná seirbhíseach nó gníomhaire an iompróra feidhmithe i dteideal leas a bhaint as na teorainneacha sin ar dhliteanas má chruthaítear gur eascair an damáiste as gníomh nó as neamhghníomh an tseirbhísigh nó an ghníomhaire sin arna dhéanamh le hintinn chun damáiste den sórt sin a dhéanamh nó arna dhéanamh go meargánta agus ar an eolas gur dhóigh go n-eascródh an damáiste sin as.

*Airteagal 14***Bunús éileamh**

Ní dhéanfar aon chaingean le haghaidh damáistí i leith báis paisinéara nó díobhála pearsanta do phaisinéir, nó i leith bagáiste a chailleadh nó damáiste do bhagáiste, a thionscnamh i gcoinne iompróra nó i gcoinne iompróra feidhmithe ar shlí seachas i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún seo.

*Airteagal 15***Fógra maidir le cailleadh bagáiste nó damáiste do bhagáiste**

1. Tabharfaidh an paisinéir fógra i scríbhinn don iompróir nó dá ghníomhaire:
 - (a) i gcás inar léir go ndearnadh damáiste do bhagáiste:
 - (i) i gcás bagáiste cábáin, sula ndíbhordálann an paisinéir nó nuair atá an paisinéir ag díbhordáil;
 - (ii) i gcás gach bagáiste eile, sula n-athsheachadtar é nó tráth a athsheachadtar;

(b) i gcás damáiste nach léir é do bhagáiste, nó i gcás ina gcailltear bagáiste, laistigh de chúig lá dhéag ón dáta díbhordála nó ón dáta athsheachadta nó ón tráth ar cheart an t-athsheachadadh sin a bheith déanta.

2. Má mhainníonn an paisinéir an tAirteagal seo a chomhlíonadh, toimhdeofar ina leith, mura gcruthaítear a mhalaire, go bhfuil an bagáiste faighte aige gan aon damáiste.

3. Ní gá an fógra i scríbhinn a thabhairt más amhlaidh go ndearnadh suirbhé comhpháirteach nó cigireacht chomhpháirteach ar an mbail a bhí ar an mbagáiste tráth a fhaighte.

Airteagal 16

Teorainn ama le haghaidh caingne

1. Maidir le haon chaingean i leith damáistí a éiríonn as bás paisinéara nó díobháil phearsanta do phaisinéir, nó i leith bagáiste a chailleadh nó damáiste do bhagáiste, beidh cosc orthu tar éis tréimhse dhá bhliain a bheith caite.

2. Ríomhfar an tréimhse teorann mar a leanas:

(a) i gcás díobhála pearsanta, ó dháta díbhordála an phaisinéara;

(b) i gcás báis a tharlaíonn i rith an iompair, ón dáta ar cheart don phaisinéir díbhordáil agus, i gcás díobhála pearsanta a tharlaíonn i rith an iompair agus ar díobháil í is cúis le bás an phaisinéara tar éis na díbhordála, ón dáta báis, ar choinníoll nach rachaidh an tréimhse sin thar thrí bliana ó dháta na díbhordála;

(c) i gcás ina gcailltear bagáiste nó i gcás ina ndéantar damáiste do bhagáiste, ón dáta díbhordála nó ón dáta ar cheart go ndéanfaí an díbhordáil, cibé acu is déanaí.

3. Is le dlí na cúirte a bhfuil an cás os a comhair a rialófar na forais chun na tréimhsí teorann a chur ar fionraí nó a bhearnú, ach ní thionscnófar caingean faoin gCoinbhinsiún seo, in aon chás, tar éis dheireadh aon cheann amháin de na tréimhsí ama seo a leanas:

(a) tréimhse cúig bliana dar tús dáta díbhordála an phaisinéara nó ón dáta ar cheart go ndéanfaí an díbhordáil, cibé acu is déanaí; nó, más luaithe;

(b) tréimhse trí bliana dar tús an dáta a raibh an t-éilitheoir ar an eolas faoin díobháil, faoin gcaillteanas nó faoin damáiste arbh é an teagmhas ba chúis léi nó leis, nó dar tús an dáta ar cheart le réasún go mbeadh an t-éilitheoir ar an eolas faoin díobháil, faoin gcaillteanas nó faoin damáiste sin.

4. D'ainneoin mhír 1, mhír 2, agus mhír 3 den Airteagal seo, féadfar an tréimhse teorann a fhadú le dearbhú ón iompróir nó le comhaontú na bpáirtithe tar éis cúis na caingne teacht chun cinn. Beidh an dearbhú nó an comhaontú sin i scríbhinn.

Airteagal 17

Dlínse inniúil (*)

Airteagal 17a

Aitheantas agus forfheidhmiú (*)

Airteagal 18

Neamhbhailíocht forálacha conarthacha

Maidir le haon fhoráil chonarthach a cuireadh i gcrích sular tharla an teagmhas ba chúis le bás paisinéara nó le díobháil phearsanta do phaisinéir nó ba chúis le cailleadh bhagáiste an phaisinéara nó le damáiste do bhagáiste an phaisinéara, ar foráil í a airbheartaíonn aon duine atá faoi dhliteanas faoin gCoinbhinsiún seo a fhuascailt ó dhliteanas i leith an phaisinéara nó teorainn níos ísle dliteanais a fhorordú ná mar a shocraítear sa Choinbhinsiún seo, ach amháin mar a fhoráiltear in Airteagal 8, mír 4, agus maidir le haon fhoráil den sórt sin a airbheartaíonn an dualgas cruthúnais atá ar an iompróir nó ar an iompróir feidhmithe a aistriú, nó a bhfuil d'éifeacht aici srian a chur ar na roghanna atá sonraithe i mír 1 nó i mír 2 d'Airteagal 17, beidh an fhoráil sin ar neamhní, ach ní fhágfaidh neamhniú na forála sin go bhfuil an conradh iompair ar neamhní agus leanfaidh an conradh sin de bheith faoi réir fhorálacha an Choinbhinsiúin seo.

(*) Gan atáirgeadh.

*Airteagal 20***Damáiste núicléach**

Ní éireoidh aon dliteanas faoin gCoinbhinsiún seo i leith damáiste ar teagmhas núicléach is cúis leis:

- (a) má tá oibreoir suiteála núicléiche faoi dhliteanas i leith damáiste den sórt sin faoi Choinbhinsiún Pháras an 29 Iúil 1960 maidir le Dliteanas Tríú Páirtí i Réimse an Fhuinnimh Núicléach arna leasú lena Phrótacal Breise dar dáta an 28 Eanáir 1964, nó faoi Choinbhinsiún Vín an 21 Bealtaine 1963 maidir le Dliteanas Sibhialta i leith Damáiste Núicléach, nó faoi aon leasú nó aon Phrótacal a ghabhann leis agus atá i bhfeidhm; nó
- (b) má tá oibreoir suiteála núicléiche faoi dhliteanas i leith damáiste den sórt sin de bhua aon dlí náisiúnta lena rialáítear dliteanas i leith damáiste den sórt sin, ar choinníoll go bhfuil gach gné de dhlí den sórt sin chomh fabhrach i leith daoine a fhulaingíonn damáiste a fhulaingt agus atá Coinbhinsiún Pháras nó Coinbhinsiún Vín nó aon leasú nó aon Prótacal a ghabhann leis agus atá i bhfeidhm.

*Airteagal 21***Iompar tráchtála ag údaráis phoiblí**

Beidh feidhm ag an gCoinbhinsiún seo maidir le hiompar tráchtála arna dhéanamh ag Stáit nó ag Údaráis Phoiblí faoi chonradh iompair de réir bhrí Airteagal 1.

[Airteagal 22 agus Airteagal 23 de Phrótacal 2002 a ghabhann le Coinbhinsiún na hAithne a bhaineann le Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste a Iompar de Mhuir, 1974]

*Airteagal 22***Athmheas agus leasú (*)***Airteagal 23***Leasú ar theorainneacha**

1. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 22, ní bheidh feidhm ag an nós imeachta speisialta san Airteagal seo ach amháin chun na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 3, mír 1, in Airteagal 4a, mír 1, in Airteagal 7, mír 1 agus in Airteagal 8 den Choinbhinsiún arna athmheas leis an bPrótacal seo a leasú.
2. Ar iarraidh a fháil ó leath de na Stáit is Páirtithe sa Phrótacal seo, ar a laghad, ach in aon chás ó líon nach lú ná sé Stát, déanfaidh an tArd-Rúnaí aon togra maidir le teorainneacha a leasú, lena n-áirítear na hasbhaintigh a shonraítear in Airteagal 3, mír 1, in Airteagal 4a, mír 1, in Airteagal 7, mír 1 agus in Airteagal 8 den Choinbhinsiún arna athmheas leis an bPrótacal seo, a scaipeadh ar gach Comhalta den Eagraíocht agus ar gach Stát is Páirtí.
3. Déanfar aon leasú a mholtar agus a scaiptear mar a luaitear thuas a chur faoi bhráid Choiste Dlí na hEagraíochta (dá ngairtear 'an Coiste Dlí' anseo feasta) lena bhreithniú ar dháta atá sé mhí ar a laghad tar éis an dáta a scaiptear é.
4. Beidh gach Stát is Páirtí sa Choinbhinsiún arna athmheas leis an bPrótacal seo, bídis ina gComhaltaí den Eagraíocht nó ná bíodh, i dteideal páirt a ghlacadh in imeachtaí an Choiste Dlí maidir le leasuithe a bhreithniú agus a ghlacadh.
5. Glacfar leasuithe trí thiomlach dhá thrían de na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún arna athmheas leis an bPrótacal seo a bheidh i láthair agus a vótálfaidh sa Choiste Dlí arna mhéadú mar a fhoráiltear i mír 4, ar choinníoll go mbeidh, ar a laghad, leath de na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún arna athmheas leis an bPrótacal seo i láthair tráth na vótála.
6. Nuair a ghníomhóidh an Coiste Dlí ar thogra chun na teorainneacha a leasú, cuirfidh sé san áireamh an taithí ar theagmhais agus go háirithe méid an damáiste a eascraíonn de thoradh ar theagmhais, athruithe ar na luachanna airgeadaíochta agus an éifeacht a bheidh ag an leasú atá á mholadh ar chostas árachais.

(*) Gan atáirgeadh.

7. (a) Ní fhéadfar aon leasú ar na teorainneacha faoin Airteagal seo a bhreithniú níos túisce ná cúig bliana ón dáta ar osclaíodh an Prótacal seo lena shíniú nó níos túisce ná cúig bliana ón dáta ar tháinig leasú a rinneadh roimhe sin faoin Airteagal seo i bhfeidhm.
- (b) Ní fhéadfar aon teorainn a mhéadú ar shlí ina rachaidh sí thar mhéid a fhreagraíonn don teorainn a leagtar síos sa Choinbhinsiún arna athmheas leis an bPrótacal seo agus an teorainn sin méadaithe faoi shé faoin gcéad in aghaidh na bliana arna ríomh ar bhonn iolraithe ón dáta ar osclaíodh an Prótacal seo lena shíniú.
- (c) Ní fhéadfar aon teorainn a mhéadú ar shlí ina rachaidh sí thar mhéid a fhreagraíonn don teorainn a leagtar síos sa Choinbhinsiún arna athmheas leis an bPrótacal seo agus an teorainn sin iolraithe faoi thrí.
8. Tabharfaidh an Eagraíocht fógra do gach Stát is Páirtí maidir le haon leasú a ghlacfar i gcomhréir le mír 5. Measfar go mbeidh glactha leis an leasú ag deireadh thréimhse ocht mí dhéag tar éis an dáta a dtabharfar an fógra, mura rud é go dtarlóidh sé, laistigh den tréimhse sin, go gcuirfidh líon nach lú ná an ceathrú cuid de na Stáit a bhí ina Stáit is Páirtithe tráth glactha an leasaithe in iúl don Ard-Rúnaí nach nglacann siad leis an leasú, agus sa chás sin diúltófar don leasú agus ní bheidh aon éifeacht leis.
9. Maidir le leasú a measfar ina leith gur glacadh leis i gcomhréir le mír 8, tiocfaidh sé i bhfeidhm ocht mí dhéag ón tráth a nglactar leis.
10. Beidh gach Stát is Páirtí faoi cheangal ag an leasú, mura rud é go ndéanfaidh siad, i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2 d'Airteagal 21, an Prótacal seo a shéanadh sé mhí ar a laghad sula dtiocfaidh an leasú i bhfeidhm. Gabhfaidh éifeacht le séanadh den sórt sin nuair a thiocfaidh an leasú i bhfeidhm.
11. Nuair a bheifear tar éis leasú a ghlacadh ach nach mbeidh an tréimhse ocht mí dhéag chun glacadh leis caite, beidh aon Stát a thiocfaidh chun bheith ina Stát is Páirtí i rith na tréimhse sin faoi cheangal ag an leasú má thagann sé i bhfeidhm. Beidh Stát a thiocfaidh chun bheith ina Stát is Páirtí tar éis na tréimhse sin faoi cheangal ag leasú ar glacadh leis i gcomhréir le mír 8. Sna cásanna dá dtagraítear sa mhír seo, tagann Stát chun bheith faoi cheangal ag leasú nuair a thagann an leasú sin i bhfeidhm, nó nuair a thagann an Prótacal seo i bhfeidhm don Stát sin, más déanaí.
-

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LE COINBHINSIÚN NA hAITHNE

DEIMHNIÚ ÁRACHAIS NÓ DEIMHNIÚ URRÚIS AIRGEADAIS EILE MAIDIR LE DLITEANAS AS BÁS PAISINÉIRÍ AGUS AS DÍOBHÁIL PHEARSANTA DO PHAISINÉIRÍ

Arna eisiúint i gcomhréir le forálacha Airteagal 4a de Choinbhinsiún na hAithne a bhaineann le hlompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste de Mhuir, 2002

Ainm na Loinge	Uimhir shainiúil nó litreacha sainiúla	Uimhir Aitheantais Loinge an IMO	Calafort an Chláraithe	Ainm agus seoladh iomlán phríomhionad gnó an iompróra a fheidhmíonn an t-iompar iarbhír

Deimhnítear leis seo go bhfuil polasaí árachais nó urrúis airgeadais eile i bhfeidhm maidir leis an long thuasluaite ar polasaí nó urrúis é lena gcomhlíontar ceanglais Airteagal 4a de Choinbhinsiún na hAithne a bhaineann le hlompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste de Mhuir, 2002.

Cineál an Urrúis

Ré an Urrúis

Ainm agus seoladh an árachóra nó na n-árachóirí agus/nó an ráthóra nó na ráthóirí

Ainm

Seoladh

Tá an deimhniú seo bailí go dtí

Arna eisiúint nó arna dheimhniú ag Rialtas

(Ainm iomlán an Stáit)

NÓ

Is ceart an téacs seo a leanas a úsáid nuair a bhaineann Stát is Páirtí leas as mír 3 d'Airteagal 4a:

Eisítear an deimhniú seo faoi údarás Rialtas

(ainm iomlán an Stáit) ag (ainm na hinstiúide nó na heagraíochta)

Sa/i An

(Áit)

(Dáta)

.....
(Síníú agus Teideal an oifigigh eisiúna nó deimhnithe)

Nótaí Míniúcháin:

- Más gá, féadfaidh tagairt d'údarás poiblí inniúil na tíre ina n-eisítear an Deimhniú a bheith san áireamh in ainm an Stáit.
- Má sholáthraíonn níos mó ná foinse amháin méid iomlán an urrúis, ba cheart an méid a tháinig ó gach foinse díobh a chur in iúl.
- Má sholáthraítear urrúis i roinnt foirmeacha, ba cheart iad a liostú.
- Ní mór an dáta a bhfuil feidhm le hurrús den sórt sin a shonrú san iontráil 'Ré an Urrúis'.
- Maidir leis an iontráil 'Seoladh' an árachóra nó na n-árachóirí agus/nó an ráthóra nó na ráthóirí, ní mór príomhionad gnó an árachóra nó na n-árachóirí agus/nó an ráthóra nó na ráthóirí a shonrú inti. Más iomchuí, sonrófar an t-ionad gnó ina bhfuil an t-árachas nó an t-urrúis eile bunaithe.

IARSCRÍBHINN II

Sliocht As Forchoimheádas agus Treoirlínte an IMO maidir le Coinbhinsiún NA hAITHNE a Chur chun feidhme, a ghlac Coiste Dlí na hEAGRAÍOCHTA MUIRÍ IDIRNÁISIÚNTA an 19 Deireadh Fómhair 2006**FORCHOIMEÁDAS AGUS TREOIRLÍNTE AN IMO MAIDIR LE COINBHINSIÚN NA hAITHNE A CHUR CHUN FEIDHME****Forchoimeádas**

1. Ba cheart Coinbhinsiún na hAithne a dhaingniú agus an forchoimeádas seo a leanas, nó dearbhú a mbeadh an éifeacht chéanna aige leis an bhforchoimeádas seo, ag gabháil leis:

[1.1.] Forchoimeádas i dtaca le daingniú Choinbhinsiún na hAithne a bhaineann le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste de Mhuir, 2002 (“An Coinbhinsiún”) ag Rialtas ...

Teorannú ar dhliteanas iompróirí, etc.

- [1.2.] Forchoimeádan Rialtas ... an ceart chun dliteanas faoi mhír 1 nó faoi mhír 2 d’Airteagal 3 den Choinbhinsiún, más ann do dhliteanas, i ndáil le bás paisinéara nó díobháil phearsanta do phaisinéir arb é ba chúis leis nó léi aon cheann de na rioscaí dá dtagraítear i mír 2.2 de Threoirlínte an IMO maidir le Coinbhinsiún na hAithne a Chur chun Feidhme, a theorannú don mhéid is ísle de na méideanna seo a leanas agus geallann sé déanamh amhlaidh:

— 250 000 aonad cuntais i ndáil le gach paisinéara ar gach ócáid ar leith,

nó

— 340 milliún aonad cuntais san iomlán in aghaidh na loinge ar gach ócáid ar leith.

- [1.3.] Ina theannta sin, forchoimeádan Rialtas ... an ceart chun Treoirlínte an IMO maidir le Coinbhinsiún na hAithne a Chur chun Feidhme, mír 2.1.1 agus mír 2.2.2, a chur i bhfeidhm *mutatis mutandis*, maidir le dliteanas den sórt sin, agus geallann sé déanamh amhlaidh.

- [1.4.] Déanfar dliteanas an iompróra feidhmithe de bhun Airteagal 4 den Choinbhinsiún, dliteanas sheirbhísigh agus ghníomhairí an iompróra nó an iompróra feidhmithe de bhun Airteagal 11 den Choinbhinsiún agus an teorainn ar chomhiomlán na méideanna is inghnóthaithe de bhun Airteagal 12 den Choinbhinsiún a theorannú sa tslí chéanna.

- [1.5.] Beidh feidhm ag an bhforchoimeádas agus ag an ngealltanais i mír 1.2, gan féachaint don bhonn leis an dliteanas faoi mhír 1 nó faoi mhír 2 d’Airteagal 3 agus d’ainneoin aon ní dá mhalairt in Airteagal 4 nó in Airteagal 7 den Choinbhinsiún; ach ní dhéanann an forchoimeádas agus an gealltanais seo difear d’oibriú Airteagal 10 agus Airteagal 13.

Árachas éigeantach agus teorannú dliteanais árachóirí

- [1.6.] Forchoimeádan Rialtas ... an ceart chun an ceanglas faoi mhír 1 d’Airteagal 4a árachas nó urrús airgeadais eile a choimeád i ndáil le bás paisinéara nó díobháil phearsanta do phaisinéir arb é ba chúis leis nó léi aon cheann de na rioscaí dá dtagraítear i mír 2.2 de Threoirlínte an IMO maidir le Coinbhinsiún na hAithne a Chur chun Feidhme, a theorannú don mhéid is ísle de na méideanna seo a leanas agus geallann sé déanamh amhlaidh:

— 250 000 aonad cuntais i ndáil le gach paisinéir ar gach ócáid ar leith,

nó

— 340 milliún aonad cuntais san iomlán in aghaidh na loinge ar gach ócáid ar leith.

- [1.7.] Forchoimeádan Rialtas ... an ceart chun dliteanas an árachóra nó an duine eile a bhfuil urrús airgeadais á sholáthar aige faoi mhír 10 d’Airteagal 4a i leith báis paisinéara nó díobhála pearsanta do phaisinéir arb é ba chúis leis nó léi aon cheann de na rioscaí dá dtagraítear i mír 2.2 de Threoirlínte an IMO maidir le Coinbhinsiún na hAithne a Chur chun Feidhme, a theorannú do theorainn uasta maidir leis an méid árachais nó maidir leis an urrús airgeadais eile a cheanglaítear ar an iompróir a choimeád faoi mhír 1.6 den fhorchoimeádas seo, agus geallann sé déanamh amhlaidh.

- [1.8.] Forchoimeádan Rialtas ... freisin an ceart chun Treoirlínte an IMO maidir le Coinbhinsiún na hAithne a Chur chun Feidhme a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na gclásal dá dtagraítear i mír 2.1 agus i mír 2.2 de na Treoirlínte i ngach árachas éigeantach faoin gCoinbhinsiún seo, agus geallann sé déanamh amhlaidh.

- [1.9.] Forchoimeádann Rialtas ... an ceart chun an soláthróir árachais nó urrúis airgeadais eile faoi mhír 1 d'Airteagal 4a a dhiolmhú ó aon dliteanas nár ghabh sé de lámh a bheith faoi dhliteanas ina leith, agus geallann sé déanamh amhlaidh.

Deimhniúchán

- [1.10.] Forchoimeádann Rialtas ... an ceart chun deimhnithe árachais a eisiúint faoi mhír 2 d'Airteagal 4a den Choinbhinsiún, agus geallann sé déanamh amhlaidh, chun go ndéanfar an méid seo a leanas:

- na teorainneacha atá ar dhliteanas agus na ceanglais maidir le cumhdach árachais dá dtagraítear i míreanna 1.2, 1.6, 1.7 agus 1.9 a léiriú; agus
- cibé teorainneacha, ceanglais agus díolúintí eile a mheasann sé is gá de bharr dhálaí an mhargaidh árachais tráth eisiúna an deimhnithe a áireamh.

- [1.11.] Forchoimeádann Rialtas ... an ceart chun glacadh le deimhnithe árachais arna n eisiúint ag Stáit eile is Páirtithe de bhun forchoimeádaí den tsamhail cheanna, agus geallann sé déanamh amhlaidh.

- [1.12.] Déanfar na teorainneacha, na ceanglais agus na díolúintí sin go léir a léiriú go soiléir sa Deimhniú arna eisiúint nó arna dheimhniú faoi mhír 2 d'Airteagal 4a den Choinbhinsiún.

An ghaolmhaireacht idir an Forchoimeádas seo agus Treoirlínte an IMO maidir le Coinbhinsiún na hAithne a Chur chun Feidhme

- [1.13.] Déanfar na cearta a choimeádtar leis an bhforchoimeádas seo a fheidhmiú ag féachaint go cuí do Threoirlínte an IMO maidir le Coinbhinsiún na hAithne a Chur chun Feidhme, nó d'aon leasuithe orthu, d'fhonn aonfhoirmeacht a áirithiú. Má fhorhmeasann Coiste Dlí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta togra le haghaidh leasú a dhéanamh ar Threoirlínte an IMO maidir le Coinbhinsiún na hAithne a Chur chun Feidhme, beidh feidhm ag na leasuithe sin amháil ón tráth a chinnfidh an Coiste. Ní dhéanfaidh sé seo dochar do rialacha an dlí idirnáisiúnta maidir le ceart Stáit a fhorchoimeádas a tharraingt siar nó a leasú.'

Treoirlínte

2. Sa staid ina bhfuil an margadh árachais faoi láthair, ba cheart do Stáit is Páirtithe deimhnithe árachais a eisiúint ar bhonn gealltanais ó árachóir ar gealltanais é lena gcumhdófar rioscaí cogaidh, agus ar bhonn gealltanais ó árachóir eile ar gealltanais é lena gcumhdófar rioscaí neamhchogaidh. Ba cheart go mbeadh gach árachóir ar leith faoi dhliteanas i leith a chuid féin agus ina leith sin amháin. Ba cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha seo a leanas (tá na clásail dá dtagraítear leagtha amach i bhFoscábhinn A):

- 2.1. Féadfaidh árachas cogaidh agus árachas neamhchogaidh araon a bheith faoi réir na gclásal seo a leanas:

2.1.1. Clásal Institiúide lena n-eisiatar Truailliú Radaighníomhach agus Airm Cheimiceacha, Bhitheolaíocha, Bhitheimeiceacha agus Leictreamaighnéadacha (Clásal Institiúide Uimh. 370);

2.1.2. Clásal Institiúide lena n-eisiatar Cibearionsaí (Clásal Institiúide Uimh. 380);

2.1.3. Cosaintí agus teorainneacha de chuid soláthróra urrúis airgeadais éigeantaigh faoin gCoinbhinsiún arna mhodhnú leis na treoirlínte seo, go háirithe an teorainn 250 000 aonad cuntais in aghaidh an phaisinéara ar gach ócáid ar leith;

2.1.4. An coinníoll nach gcumhdóidh an t-árachas ach dliteanas atá faoi réir an Choinbhinsiúin arna mhodhnú leis na treoirlínte seo; agus

2.1.5. An coinníoll go ndéanfaidh aon mhéideanna a shocráítear faoin gCoinbhinsiún laghdú ar aon dliteanas neamhíochta de chuid an iompróra agus/nó de chuid a árachóra faoi Airteagal 4a den Choinbhinsiún fiú i gcás nach iad na hárachóirí cogaidh nó na hárachóirí neamhchogaidh faoi seach a íocfaidh na méideanna sin nó a n-éileofar na méideanna sin orthu;

2.2. Cumhdóidh árachas cogaidh dliteanas, más ann, i leith cailteanais de thoradh ar bhás paisinéara nó de thoradh ar dhíobháil phearsanta do phaisinéir arb é ba chúis leis nó léi:

- cogadh, cogadh cathartha, réabhlóid, ceannairc, éirí amach, nó achrann sibhialta a éiríonn as sin, nó aon ghníomh naimhdeach ag cumhacht chogaíoch nó ina coinne,
- forghabháil, urghabháil, gabháil, ceansú nó coinneáil agus iarmhairtí na nithe sin, nó aon iarracht déanamh amhlaidh,
- mianaigh thréigthe, toirpéid thréigthe, buamaí tréigthe nó airm cogaidh eile atá tréigthe,
- gníomh de chuid aon scéimhlitheora nó aon duine atá ag gníomhú go mailíseach nó ag gníomhú le rún polaitiúil agus aon ghníomh a ghlactar chun riosca den sórt sin a chosc nó chun cur ina choinne,
- coigistiú agus díshealbhú,

agus féadfaidh sé a bheith faoi réir na ndíolúintí, na dteorainneacha agus na gceanglas seo a leanas:

2.2.1. Clásal Eisiata agus Foirceanta Uathoibríoch i gcás Cogaidh

2.2.2. I gcás éilimh ó phaisinéirí aonair a bheith níos mó ná méid comhiomlán na suime 340 milliún aonad cuntais san iomlán in aghaidh na loinge ar aon ócáid ar leith, beidh an t-iompróir i dteideal teorainn a dhliteanais a agairt is é sin méid 340 milliún aonad cuntais, ach sin ar choinníoll i gcónaí:

- gur cheart an méid sin a dháileadh i measc na n-éilitheoirí i gcomhréir lena gcuid éileamh bunaithe,
- go bhféadfar dáileadh an méid sin a dhéanamh in aon chuid amháin nó níos mó ar éilitheoirí is eol cé hiaid tráth an dáilte, agus
- go bhféadfaidh an t-árachóir, nó an Chúirt, nó údarás inniúil eile a dtabharfaidh an t-árachóir an cás os a comhair nó os a chomhair in aon Stát is Páirtí ina dtionscnaítear imeachtaí dlí maidir le héilimh a líomhnaítear a bheith á gcumhdach ag an árachas, dáileadh an méid sin a dhéanamh.

2.2.3. Clásal maidir le fógra 30 lá a thabhairt i gcásanna nach gcumhdaítear le 2.2.1.

2.3. Ba cheart go gcumhdódh árachas neamhchogaidh gach priacal a thagann faoi réir árachais éigeantaigh seachas na rioscaí sin a liostaítear in 2.2, cibé acu atá nó nach bhfuil siad faoi réir díolúintí, teorainneacha nó ceanglas in 2.1 agus in 2.2.

3. Áirítear i bhFoscábhinn B sampla de shraith gealltanais árachais (Cártaí Gorma) agus deimhniú árachais, agus tá gach ceann díobh de réir na dtreoirí seo.

FOSCRÍBHINN A

Clásail dá dtagraítear i dtreoirlíne 2.1.1, i dtreoirlíne 2.1.2 agus i dtreoirlíne 2.2.1

Clásal Institiúide lena n-eisiatar Truailiú Radaighníomhach agus Airm Cheimiceacha, Bhitheolaíoch, Bhitheimeiceacha agus Leictreamaighnéadacha (Cl. 370, 10/11/2003)

Beidh forlámhas ag an gclásal seo agus sáróidh sé aon ní atá san árachas seo agus atá ar neamhréir leis an gclásal seo

1. Ní chumhdóidh an t-árachas seo i gcás ar bith cailteanas, damáiste, dliteanas nó caiteachas arbh iad na nithe seo a leanas ba chúis leis go díreach nó go neamhdhíreach nó a rannchuidigh go díreach nó go neamhdhíreach leis nó ar éirigh sé as go díreach nó go neamhdhíreach:
 - 1.1. radaíochtaí ianaíoch, nó truailiú le radaighníomhaíocht, ó aon bhreosla núicléach nó ó aon dramhaíl núicléach nó ó bhreosla núicléach a dhó;
 - 1.2. airíonna radaighníomhacha, tocsaineacha nó pléascacha aon suiteála núicléiche, aon imoibreora núicléach nó aon chóimeála núicléiche nó comhpháirte núicléiche di nó airíonna guaiseacha nó truailithe eile dá gcuid;
 - 1.3. aon arm nó aon fheiste ina n-úsáidtear eamhnú agus/nó comhleá adamhach nó núicléach nó imoibriú nó fórsa radaighníomhach nó ábhar radaighníomhach eile den tsamhail sin;
 - 1.4. airíonna radaighníomhacha, tocsaineacha nó pléascacha aon ábhair radaighníomhaigh nó airíonna guaiseacha nó truailithe eile dá chuid. Ní bhaineann an t-eisiamh san fhoclásal seo le hiseatóip radaighníomhacha, seachas breosla núicléach, nuair atá iseatóip den sórt sin á n-ullmhú, á n-iompar, á stóráil nó á n-úsáid chun críocha tráchtála, talmhaíochta, míochaine nó eolaíochta nó chun críocha síochánta comhchosúla eile;
 - 1.5. aon arm ceimiceach, bitheolaíoch, bithcheimiceach, nó leictreamaighnéadach.

Clásal Institiúide lena n-eisiatar Cibearionsaí (Cl. 380, 10/11/03)

1. Ní chumhdóidh an t-árachas seo i gcás ar bith, ach sin faoi réir chlásal 10.2 thíos, cailteanas, damáiste, dliteanas nó caiteachas arbh é ba chúis leis go díreach nó go neamhdhíreach aon ríomhaire, aon chóras ríomhaireachta, aon chlár bogearraí ríomhaireachta, aon chód mailíseach, aon víreas nó próiseas ríomhaire nó aon chóras leictreonach eile a úsáid nó a oibriú mar mheán chun díobháil a dhéanamh, nó arbh iad na nithe sin a rannchuidigh go díreach nó go neamhdhíreach leis nó ar éirigh sé as go díreach nó go neamhdhíreach.
2. I gcás ina ndéantar an clásal seo a fhorghníú ar pholasaithe lena gcumhdaítear rioscaí cogaidh, cogaidh chathartha, réabhlóide, éirí amach, ceannairce nó achraimn shibhialta de thoradh air, nó aon ghníomh naimhdeach arna dhéanamh ag cumhacht chogaíoch nó i gcoinne cumhachta cogaíche, nó sceimhlitheoireacht nó aon duine a ghníomhóidh le rún polaitiúil, ní oibreoidh Clásal 10.1 chun cailteanais a eisiamh (a chumhdófaí seachas sin) ar cailteanais iad a éiríonn as aon ríomhaire, aon chóras ríomhaireachta nó aon chlár bogearraí ríomhaireachta nó as aon chóras leictreonach eile a úsáid i gcóras lainseála agus/nó i dtreoirchóras agus/nó i meicníocht lámhaigh aon airm nó diúrácáin.

Foirceannadh agus Eisiamh Uathoibríoch i gcás Cogaidh

1.1. Foirceannadh Uathoibríoch an Chumhdaigh

Cibé acu a bheidh nó nach mbeidh fógra cealaithe tugtha, déanfar an cumhdach a thugtar faoin árachas seo a FHOIRCEANNADH GO hUATHOIBRÍOCH

- 1.1.1. ar chogadh a bhriseadh amach (cibé acu a fhógraítear nó nach bhfógraítear an cogadh) idir aon tíortha díobh seo a leanas: An Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, An Fhrainc, Cónaidhm na Rúise, Daon-Phoblacht na Síne;
- 1.1.2. maidir le haon soitheach, ar ina leith a dheonaítear cumhdach faoin bpolasaí seo, i gcás ina ndéanfar an soitheach sin a fhoréileamh le haghaidh teidil nó le haghaidh úsáide.

1.2. Cogadh na gCúig Chumhacht

Ní chumhdaíonn an t-árachas seo

- 1.2.1. cailteanas, damáiste, dliteanas nó caiteachas a éiríonn as briseadh amach cogaidh (cibé ach a fhógraítear nó nach bhfógraítear an cogadh) idir aon tíortha díobh seo a leanas: An Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, An Fhrainc, Cónaidhm na Rúise, Daon-Phoblacht na Síne;
- 1.2.2. foréileamh le haghaidh teidil nó le haghaidh úsáide.

FOSCRÍBHINN B

I. Samplaí de ghealltanais árachais (Cártaí Gorma) dá dtagraítear i dtreoirlíne 3

Cárta Gorm arna eisiúint ag Árachóir Cogaidh

Deimhniú arna thabhairt mar fhianaise ar árachas de bhun Airteagal 4a de Choinbhinsiún na hAithne a bhaineann le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste de Mhuir, 2002.

Ainm na Loinge:

Uimhir Aitheantais Loinge an IMO:

Calafort an chláraithe:

Ainm agus Seoladh an úinéara:

Deimhnítear leis seo go bhfuil polasaí árachais i bhfeidhm maidir leis an long thuasainmnithe fad atá sí faoin úinéireacht thuasluaite, ar polasaí é lena gcomhlíontar ceanglais Airteagal 4a de Choinbhinsiún na hAithne a bhaineann le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste de Mhuir, 2002, ach sin faoi réir gach eisceachta agus gach teorann a cheadaítear d'árachas éigeantach cogaidh faoin gCoinbhinsiún agus faoi na treoirlínte cur chun feidhme arna nglacadh ag Coiste Dlí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta i Mí Dheireadh Fómhair 2006, lena n-áirítear go háirithe na clásail seo a leanas: [Féadfár téacs an Choinbhinsiúin agus na dtreoirlínte maille le foscscríbhinní a chur isteach anseo a mhéid is inmhianaithe]

Tréimhse árachais ó: 20 Feabhra 2007

go: 20 Feabhra 2008

Ar choinníoll i gcónaí go bhféadfaidh an t-árachóir an deimhniú seo a chealú trí fhógra 30 lá i scríbhinn a thabhairt don Údarás thuasluaite agus air sin scoirfidh dliteanas an árachóra faoin árachas seo amhail ón dáta a rachaidh tréimhse an fhógra sin in éag ach sin i gcás teagmhas a tharlóidh ina dhiaidh sin agus sa chás sin amháin.

Dáta:

Tá an deimhniú seo a leanas arna eisiúint ag an árachóir seo a leanas:

War Risks, Inc

[Seoladh]

.....

Mar ghníomhaire do War Risks, Inc, agus sa cháil sin amháin

Síniú an árachóra

Cárta Gorm arna eisiúint ag Árachóir Neamhchogaidh

Deimhniú arna thabhairt mar fhianaise ar árachas de bhun Airteagal 4a de Choinbhinsiún na hAithne a bhaineann le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste de Mhuir, 2002

Ainm na Loinge:

Uimhir Aitheantais Loinge an IMO:

Calafort an chláraithe:

Ainm agus Seoladh an úinéara:

Deimhnítear leis seo go bhfuil polasaí árachais i bhfeidhm maidir leis an long thuasainmnithe fad atá sí faoin úinéireacht thuasluaite, ar polasaí é lena gcomhlíontar ceanglais Airteagal 4a de Choinbhinsiún na hAithne a bhaineann le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste de Mhuir, 2002, ach sin faoi réir gach eisceachta agus gach teorann a cheadaítear d'árachóirí neamhchogaidh faoin gCoinbhinsiún agus faoi na treoirlínte cur chun feidhme arna nglacadh ag Coiste Dlí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta i Mí Dheireadh Fómhair 2006, lena n-áirítear go háirithe na clásail seo a leanas: [Féadfár téacs an Choinbhinsiúin agus na dtreoirlínte maille le foscscríbhinní a chur isteach anseo a mhéid is inmhianaithe]

Tréimhse árachais ó: 20 Feabhra 2007

go: 20 Feabhra 2008

Ar choinníoll i gcónaí go bhféadfaidh an t-árachóir an deimhniú seo a chealú trí fhógra trí mhí i scríbhinn a thabhairt don Údarás thuasluaite agus air sin scoirfidh dliteanas an árachóra faoin árachas seo ón dáta a rachaidh tréimhse an fhógra sin in éag ach sin i gcás teagmhas a tharlóidh ina dhiaidh sin agus sa chás sin amháin.

Dáta:

Tá an deimhniú seo arna eisiúint ag an árachóir seo a leanas:

PANDI P&I

[Seoladh]

.....

Mar ghníomhaire do PANDI P&I, agus sa chás sin amháin

Síniú an árachóra

II. Samhail de dheimhniú árachais dá dtagraítear i dtreoirlíne 3

DEIMHNIÚ ÁRACHAIS NÓ DEIMHNIÚ URRÚIS AIRGEADAIS EILE MAIDIR LE DLITEANAS AS BÁS PAISINÉIRÍ AGUS AS DÍOBHÁIL PHEARSANTA DO PHAISINÉIRÍ

Arna eisiúint i gcomhréir le forálacha Airteagal 4a de Choinbhinsiún na hAithne a bhaineann le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste de Mhuir, 2002

Ainm na Loinge	Uimhir shainiúil nó litreacha sainiúla	Uimhir Aitheantais Loinge an IMO	Calafort an Chláraithe	Ainm agus seoladh iomlán phríomhionad gnó an iompróra a fheidhmíonn an t iompar iarbhrí

Deimhnítear leis seo go bhfuil polasaí árachais nó urrús airgeadais eile i bhfeidhm maidir leis an long thuasainmnithe, ar polasaí nó urrús é lena gcomhlíontar ceanglais Airteagal 4a de Choinbhinsiún na hAithne a bhaineann le hIompar Paisinéirí agus a gcuid Bagáiste de Mhuir, 2002.

Cineál an Urrúis

Ré an Urrúis

Ainm agus seoladh an árachóra nó na n-árachóirí agus/nó an ráthóra nó na ráthóirí

Tá an cumhdach árachas a dheimhnítear leis seo deighilte in aon chuid amháin d'árachas cogaidh agus in aon chuid eile d'árachas neamhchogaidh, de bhun na dtreoirlínte cur chun feidhme arna nglacadh ag Coiste Dlí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta i Mí Dheireadh Fómhair 2006. Tá gach ceann de na codanna sin den chumhdach árachais faoi réir gach eisceachta agus gach teorann a cheadaítear faoin gCoinbhinsiún agus faoi na treoirlínte cur chun feidhme. Níl na hárachóirí faoi dhliteanas i gcomhpháirt ná go leithleach. Is iad seo a leanas na hárachóirí:

Do rioscaí cogaidh: War Risks, Inc., [seoladh]

Do rioscaí neamhchogaidh: Pandi P&I, [seoladh]

Tá an deimhniú seo bailí go dtí

Arna eisiúint nó arna dheimhniú ag Rialtas

(Ainm iomlán an Stáit)

NÓ

Ba cheart an téacs seo a leanas a úsáid nuair a bhaineann Stát is Páirtí leas as mír 3 d'Airteagal 4a:

Eisítear an deimhniú seo faoi údarás Rialtas (ainm iomlán an Stáit) ag
(ainm na hinstitiúide nó ainm na heagraíochta)

Sa/i An
(Áit) (Dáta)

.....
(Síniú agus Teideal an oifigigh eisiúna nó deimhnithe)

Nótaí Míniúcháin:

1. Más gá, féadfaidh tagairt d'údarás poiblí inniúil na tíre ina n-eisítear an Deimhniú a bheith san áireamh in ainm Stáit.
2. Má sholáthraíonn níos mó ná foinse amháin méid iomlán an urrúis, ba cheart an méid a tháinig ó gach foinse díobh a chur in iúl.
3. Má sholáthraítear urrús i roinnt foirmeacha, ba cheart iad a liostú.
4. Ní mór an dáta a bhfuil feidhm le hurrús den sórt sin a shonrú san iontráil 'Ré an Urrúis'.
5. Maidir leis an iontráil 'Seoladh' an árachóra nó na n-árachóirí agus/nó an ráthóra nó na ráthóirí ní mór príomhionad gnó an árachóra nó na n-árachóirí agus/nó an ráthóra nó na ráthóirí a shonrú inti. Más iomchuí, sonrófar an t-ionad gnó ina bhfuil an t-árachas nó an t urrús eile bunaithe.

COSTAS SÍNTIÚIS 2009 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 1 000 sa bhliain (*)
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 100 sa mhí (*)
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + dlúthdhiosca ROM bliantúil	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 1 200 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 700 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 70 sa mhí
Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 400 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 40 sa mhí
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, dlúthdhiosca ROM míosúil (carnach)	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 500 sa bhliain
Forlónadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, dlúthdhiosca ROM, dhá eagrán sa tseachtain	Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE	EUR 360 sa bhliain (=EUR 30 sa mhí)
Iris Oifigiúil an AE, sraith C - comórtais earcaíochta	Teanga(cha) de réir comórtais(as)	EUR 50 sa bhliain

(*) Á díol de réir uimhreach: suas go 32 leathanach: EUR 6
ó 33 go 64 leathanach: EUR 12
níos mó ná 64 leathanach: Praghas socraithe i ngach cás.

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Cuimsíonn sí dhá shraith, L (Reachtaíocht) agus C (Cumarsáid agus Faisnéis).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

De réir Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl de cheangal, go sealadach, ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh na gníomhartha go léir as Gaeilge a tharraingt suas ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Déantar na hIrisí Oifigiúla a fhoilsítear as Gaeilge a dhíol ar leithligh don phobal.

Is éard atá san Fhorlónadh den Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-íomlán ar dhlúthdhiosca ROM ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat larscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi larscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Díolacháin agus síntiúis

Tá na foilseacháin a eisíonn an Oifig Foilseachán, agus a gcaithfear íoc astu, ar fáil inár n-oifigí díolachán. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán ghréasán na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

Tairiscíonn EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an dlí-eolaíocht agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>